54	3 1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Produc- E Green	Garsprioc	Aonaid thionsclaíocha — oibreacha foirgníochta a chur i gcrích agus trealamh a shuiteáil	Oibreacha foirgníochta a chur i gcrích agus trealamh a shuiteáil				R4	2025	Beidh oibreacha foirgníochta agus suiteálacha trealaimh críochnaithe ag aonaid thionsclaíocha roghnaithe.

D. COMHPHÁIRT 1.4: ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ, ATHLÉIMNEACHT AERÁIDE AGUS COSAINT CHOMHSHAOIL

Is é is aidhm don chuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige an t-aistriú glas a chur chun cinn. Is éard atá ann athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe chun cosaint agus athbhunú an chomhshaoil nádúrtha a fheabhsú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht a chosaint, feabhas a chur ar an mbonneagar comhshaoil agus caillteanais i gcumhdach foraoise a aisghabháil. Thairis sin, áirítear leis athchóiriú ar bhainistiú dramhaíola lena n-áirítear go háirithe bunú Rialálaí Náisiúnta Dramhaíola chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach bunaithe ar dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Bunaítear leis freisin Údarás Náisiúnta Rialála Uisce, d'fhonn inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí agus na n-infheistíochtaí fóntais uisce a fheabhsú. Le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt, méadófar an éifeachtúlacht maidir le hacmhainní nádúrtha a úsáid agus cuirfear chun cinn an chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol don tsochaí agus don gheilleagar araon. Áirítear sa chomhpháirt freisin infheistíochtaí chun feabhas a chur ar sholáthar uisce óil agus ar sholáthar séarachais, agus chun dúshláin chomhshaoil de dheasca an athraithe aeráide a chosc agus a mhaolú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 de 2020 agus ar Mholadh Tírshonrach 2 de 2019, maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc ('antiNERO'), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte (beart ID: 16849)

Tá trí chuid san infheistíocht sin. Ar an gcéad dul síos, athchóiriú 5 700 ha d'éiceachórais foraoise dhíghrádaithe sa Ghréig trí shúiteanna a chur. Cumhdóidh an tionscadal staidéir athfhoraoisithe agus a gcur chun feidhme araon. Ina theannta sin, áireofar leis an infheistíocht uasghrádú ar cheithre phlandlann foraoise phoiblí (Ambrosias, Lagada, Organis agus Aliartos) agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear i gCur Chun Feidhme Píolótach an Phlean Náisiúnta Athfhoraoisithe. Ar an dara dul síos, mar chuid de na cláir frith-NERO, áireofar san infheistíocht bearta coiscthe dóiteáin, lena n-áirítear glantachán foraoise agus coillearnaí agus cothabháil an ghréasáin bóithre foraoise agus criosanna dóiteáin atá ann cheana, criosanna dóiteáin measctha a chruthú, lena n-áirítear crainn agus toir a lománú, oibreacha glantacháin agus prúnála agus plandaí plandaithe. Ar an tríú dul síos, áireofar san infheistíocht gníomhaíochtaí a bhaineann le frithchreimeadh agus cosaint ar thuilte i limistéir Evros agus Rhodope, chomh maith le limistéir bhreise, atá buailte ag dóiteáin foraoise agus tuilte ar fud na Gréige. D'fhéadfadh forluí a bheith ann

idir na críocha atá le cumhdach (i heicteáir) leis na gníomhaíochtaí éagsúla a leagtar amach sa gharsprioc. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce (aitheantas birt: 16846)

Is é is aidhm don infheistíocht truailliú chuig an timpeallacht nádúrtha agus chuig an timpeallacht de dhéantús an duine a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce a laghdú, trí bhonneagar nua a thógáil agus tríd an mbonneagar atá ann cheana a uasghrádú. Tá trí fhothionscadal ann: (a) 37 mbonneagar nua líonra séarachais agus gléasra cóireála fuíolluisce (WWTPanna) a thógáil, (b) 11 WWTPanna a uasghrádú, a leathnú agus a nuachóiriú agus uisce cóireáilte a athúsáid agus (c) 16 bhonneagar bainistithe sloda a thógáil ó WWTPanna.

An chuid den infheistíocht a bhaineann le 11 WWTPanna a uasghrádú agus a nuachóiriú, comhlíonfaidh sí an ceanglas maidir leis an gcóras fuíolluisce ó cheann go ceann a athnuachan ionas go mbeidh laghdú 10 % ar a laghad ar mheánúsáid fuinnimh a bhainfear amach trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh amháin agus ní trí athruithe ábhartha nó athruithe ar an ualach. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, tá an beart faoi réir Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) de bhun Threoir 2011/92/AE, chomh maith le measúnuithe ábhartha i gcomhthéacs Threoir 2000/60/CE agus Threoir 92/43/CEE, lena n-áirítear cur chun feidhme na mbeart maolaithe is gá. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Infheistíochtaí sa líonra uiscithe náisiúnta trí scéimeanna Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (aitheantas birt: 16285)

Is clár iomlánaíoch í an infheistíocht chun an creat náisiúnta agra-chomhshaoil, feabhsaithe talún agus feabhsúcháin talún a uasghrádú agus a nuachóiriú. Leis na hinfheistíochtaí sin, neartófar athléimneacht agus iomaíochas earnáil na talmhaíochta, cuirfear borradh faoi sholáthar agus faoi cháilíocht an uisce atá ar fáil, réasúnófar an tomhaltas uisce, maolófar na rioscaí maidir le salannú agus fairsingiú fásaigh, agus tabharfar aghaidh ar chaomhnú agus ar chosaint na bithéagsúlachta agus na ngnáthóg nádúrtha. Is éard atá sa bheart seo freisin athchóiriú ar chreat institiúideach, eagraíochtúil agus oibríochtúil na líonraí uiscithe comhchoiteanna. Ceanglaítear leis an mbeart go gcomhlíonfaidh gach obair na prionsabail seo a leanas: (i) déanfar gach beart oiriúnaithe don athrú aeráide atá indéanta go teicniúil agus ábhartha ó thaobh na héiceolaíochta de a chur chun feidhme, chomh maith le maolú ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar uisce agus ar ghnáthóga agus speicis ábhartha i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil gá le bearta breise; (II) i gcás damba nuathógtha, a áirithiú nach mbeidh meathlú ná baint amach dhea-stádas na ndobharlach ábhartha nasctha mar thoradh air. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, i gcás gach fo-infheistíochta, áiritheofar comhlíonadh iomlán cheanglais dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Treoir Réime maidir le hUisce, roimh thús na n-oibreacha foirgníochta, lena linn agus ina dhiaidh. Thairis sin, tá an beart faoi réir Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) de bhun Threoir 2011/92/AE, chomh maith le measúnuithe ábhartha i gcomhthéacs Threoir 2000/60/CE agus Threoir 92/43/CEE, lena n-áirítear cur chun feidhme na mbeart maolaithe is gá. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Soláthar Uisce Óil agus Bonneagair Choigiltis (aitheantas birt: 16850)

Is é is aidhm don infheistíocht infhaighteacht agus cáilíocht uisce óil a fheabhsú, agus sceitheadh agus rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann le bonneagar uisce a laghdú. Tá trí fhothionscadal san infheistíocht: (a) bonneagair nua soláthair uisce a thógáil i seacht limistéar ar a laghad agus i dtrí ghléasra díshalannaithe ar a laghad, (b) teiliméadracht a bhunú — córais chianrialaithe chun sceitheadh i líonraí soláthair uisce a bhrath, agus (c) hidriméadair dhigiteacha a sholáthar. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

Go háirithe, tá an beart faoi réir Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) de bhun Threoir 2011/92/AE, chomh maith le measúnuithe ábhartha i gcomhthéacs Threoir 2000/60/CE agus Threoir 92/43/CEE, lena n-áirítear cur chun feidhme na mbeart maolaithe is gá. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime (aitheantas birt: 16911)

Cuimsítear leis an infheistíocht seachadadh na n-aermhodhanna ceannaithe agus nuachóiriú na n-aerárthaí atá ann cheana a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta, mar shampla héileacaptair le haghaidh úsáid leighis, iompar agus imscaradh bonneagair éigeandála, ladrainn le haghaidh faireachas aeir agus aerárthaí le haghaidh comhraic dóiteáin. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, is sócmhainní 'is fearr san aicme' a bheidh i ngach aerárthach sainchuspóireach. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Trealamh comhraicthe dóiteáin foraoise, trealamh coiscthe agus trealamh freagartha (aitheantas birt: 16912)

Cuimsíonn an infheistíocht seachadadh na n-inneall dóiteáin ceannaithe agus na bhfeithiclí freagartha eile (lena n-áirítear pearsanra agus trealamh a iompraíonn feithiclí agus tancaeir); feithiclí a sheachadadh don Ardrúnaíocht um Chosaint Shibhialta, do Lárionaid Oibríochtaí um Chosaint Shibhialta réigiúnach/áitiúil agus d'Eagraíochtaí Oibre Deonaí; agus droichid iniompartha infhillte. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe (beart ID: 16851)

Tá an méid seo a leanas san infheistíocht: tionscadail cosanta bithéagsúlachta, líonra náisiúnta cosán agus bealaí siúlóireachta a bhunú, Músaem Náisiúnta na Staire Nádúrtha a bhunú agus Músaem Stair Nádúrtha na Créite a uasghrádú, Bailiúcháin Stair Nádúrtha na Gréige a dhigitiú', féiniúlacht chorparáideach a chruthú le haghaidh táirgí a bhaineann le nádúr na Gréige, bunú an chórais oibríochtúil lena dtacaítear leis an bhfaireachán cothrománach agus leis an bplean córais patrólaithe do limistéir uile na Gréige atá faoi chosaint. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Bonneagar — Bainistiú Straitéiseach Náisiúnta Riosca Tubaistí a bhunú (aitheantas birt: 16909)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht trealamh digiteach a uasghrádú agus a sholáthar don Ardrúnaíocht um fhoirgnimh Cosanta Sibhialta, agus riarachán móibíleach agus

ionaid bhainistíochta ar an láthair a sholáthar. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Córas Faireacháin agus Bainistíochta (aitheantas birt: 16910)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagar digiteach a sholáthar don Ardrúnaíocht um Chosaint Shibhialta, mar shampla Córas Faireacháin GPS, an córas faisnéise 'páirteach' a leathnú, córas luathrabhaidh, córais braite dóiteáin agus múchta dóiteáin agus stáisiúin chumarsáide éigeandála. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Ionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP (beart ID: 16283)

13 Lárionad Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta a thógáil trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Is é cuspóir na hinfheistíochta a áirithiú go ndéanfar rioscaí agus géarchéimeanna a bhainistiú go tráthúil agus go héifeachtach ar an leibhéal réigiúnach. Comhlíonfaidh na foirgnimh nuathógtha Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, treoracha náisiúnta). Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme (aitheantas birt: 16772)

Is éard atá san athchóiriú sin athbhreithniú ar an reachtaíocht bainistithe dramhaíola atá ann cheana d'fhonn an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chumasú. Go háirithe, tabharfar isteach leis an athchóiriú dreasachtaí do bhardais chun rátaí athchúrsála níos airde a bhaint amach, chun bailiú ar leithligh bithdhramhaíola a fhorfheidhmiú faoi

dheireadh 2022 agus chun bailiú ar leithligh miotail, páipéir, gloine agus plaistigh a fhorfheidhmiú, chun an scéim 'freagracht an Táirgeora' a leathnú, chun uasghrádú a dhéanamh ar oibriú saoráidí sórtála athchúrsála agus chun an reachtaíocht a shimpliú maidir le pointí glasa. Is é is aidhm don athchóiriú tacú le spriocanna a bhaint amach maidir le rátaí athúsáide agus athchúrsála dramhaíola soladaí cathrach a mhéadú go 60 % agus an ráta líonta talún a laghdú go 10 % faoi 2030. Beidh an t-údarás náisiúnta rialála dramhaíola a chuirfear i bhfeidhm i gcomhthéacs an athchóirithe seo, inter alia, freagrach as fóntacht an bheartais praghsála a áirithiú, as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhainistithe dramhaíola ar fud na tíre, agus as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú cuí na bhfóntas bainistithe dramhaíola réigiúnach agus áitiúil. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú (aitheantas birt: 16979)

Bunófar leis an athchóiriú comhlacht aonair, an tÚdarás Náisiúnta Rialála Uisce (NWRA), a bheidh freagrach as an mbeartas maidir le bainistiú réasúnach acmhainní uisce arna gceapadh ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh a chur chun feidhme. Neartóidh an tÚdarás nua an creat institiúideach agus déanfaidh sé maoirseacht ar an earnáil, lena n-áirítear an beartas taraife uisce a chuíchóiriú i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce sa Ghréig a áirithiú. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: Réamhiniúchadh ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh (aitheantas birt: 16983)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht meastóireacht a dhéanamh ar an riosca seismeach a bhaineann le foirgnimh chriticiúla éagsúla (lena n-áirítear foirgnimh oideachais, ospidéil agus ionaid sláinte, ranna póilíneachta, stáisiúin dóiteáin) sa tír chun a n-athléimneacht i gcrith talún a mheas. Déanfar é sin trí mhearchigireacht (Cigireacht RVI) arna déanamh ag Iniúchóirí Innealtóirí Sibhialta. Forbrófar córas comhlántach ar líne chun sonraí bunúsacha tógála a chlárú sa phríomhstóras néalríomhaireachta RVI réamh-chré. Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2025.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 4: Bainistiú dramhaíola agus athchóiriú uisce le haghaidh úsáid inbhuanaithe acmhainní

Uimhir sheiche amhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
56	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le bainistiú dramhaíola	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R3	2021	Teacht i bhfeidhm dlí maidir le hathchúrsáil agus líonadh talún chomh maith le dreasachtaí a thabhairt isteach do bhardais chun rátaí arda athúsáide agus athchúrsála a bhaint amach agus cáin líonta talún a chur chun feidhme. Cuirfear an cháin maidir le líonadh talún i bhfeidhm ón gcéad ráithe de 2022 agus méadófar na taraifí de réir a chéile go dtí go mbainfidh siad uastairseach na cánach líonadh talún amach faoin tríú ráithe de 2024.

	athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme									
57	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme**	**Garspr ioc**	**Teacht i bhfeidh m dhlí an rialtóra bainistith e dramhaí ola**	**Teacht i bhfeidhm na reachtaíoch ta**				**R3**	**2022**	**Teacht i bhfeidhm dlí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:** - **údarás Rialála Náisiúnta Dramhaíola a bhunú, a oibriú agus a fhreagrachtaí;** - **Athchóiriú ar na comhlachtaí bainistithe dramhaíola réigiúnacha agus áitiúla (FOSDA); agus** - **Beartais fhónta chostála agus phraghsála a thabhairt isteach i gcomhréir leis an bprionsabal 'íoc mar a chaitheann tú' agus leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.**
58	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht**	**Garspr ioc**	**Teacht i bhfeidh m dhlí an**	**Teacht i bhfeidhm na**				**R4**	**2022**	**Teacht i bhfeidhm dlí chun Údarás Rialála Uisce agus Fuíolluisce nua a bhunú agus a oibriú.**

	in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16979_Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú		**rialtóra uisce**	**reachtaíocht a**						
59	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a**	**Garsprioc**	**Bunú agus feidhmiú an rialtóra bainistithe dramhaíola**	**Teacht i bhfeidhm Cinnidh Chomhpháirtigh Aireachta agus gach beart riaracháin agus reachtach is gá chun an tÚdarás a bhunú**				**R4**	**2023**	**Tá foireann ag an Údarás Rialála Náisiúnta nua maidir le Dramhaíl agus tá sé feistithe le háitreabh.**

	chur chun feidhme									
59a	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme**	**Garspr ioc**	**Deimhni ú na gcomhlac htaí bainistith e dramhaí ola soladaí (FODSA nna) ag an Údarás Rialála**	**Deimhniú na gcomhlacht aí bainistithe dramhaíola soladaí (FODSAnn a) ag an Údarás Rialála**				**R4**	**2025**	**Eiseoidh an tÚdarás Rialála um Dhramhaíl, Fuinneamh agus Uisce (RAAEY) tuarascáil ina dtabharfar bunús go gcomhlíonann na FODSAanna na híosleibhéil acmhainneachta, de réir na gcritéar a leagtar síos dá measúnú, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.**
60	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe**	**Garspr ioc**	**Bunú agus feidhmiú an rialtóra**	**Teacht i bhfeidhm Cinnidh Chomhpháirtigh Aireachta**				**R4**	**2023**	**Tá foireann ag an Údarás Rialála Náisiúnta Uisce agus Fuíolluisce nua agus tá sé feistithe le háitribh.**

	aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16979_Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú		**bainistithe uisce**	**agus gach beart riaracháin agus reachtach is gá chun an tÚdarás a bhunú**						

An cúigiú teascán: Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe agus Cosaint na Bithéagsúlachta

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa seo:

- **Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte (ID: 16849)**
- **Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe (ID: 16851)**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
61	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus**	**Garsprioc**	**Athfhoraoisiú, athchóiriú agus cosc — conarthaí 1**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí**				**R2**	**2023**	**Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh- Cláir Antinero I agus II chun 37 500 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe a uasghrádú, lena n-áirítear imréitigh foraoise agus coillearnaí agus cothabháil an ghréasáin bóithre foraoise agus na gcriosanna dóiteáin atá ann cheana.**

	cosanta ar thuilte									
62	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte**	**Garsprioc**	**Athfhoraoisiú, athchóiriú agus cosc — conarthaí 2**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí**				**R4**	**2023**	**Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh na nithe seo a leanas:** **1. 5 700 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe sa Ghréig a athchóiriú trí phlanduithe a phlandú ina n-úsáidtear 50 % ar a laghad de speicis dhúchasacha; agus** **2. Uasghrádú agus nuachóiriú na gceithre phlandlann foraoise; agus** **3. Cur chun feidhme Píolótach an Phlean Náisiúnta Athfhoraoisithe; agus** **4. Bearta frithchreimthe agus friththuilte in Evros agus Rhodopes**

										lena gcumhdaítear 5000 heicteár d'oibreacha frithchreimthe agus 175 000 m² d'oibreacha cosanta ar thuilte san iomlán.
62a	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc ('antiNERO'), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte**	**Garsprioc**	**Athfhoraoisiú, athchóiriú agus cosc — conarthaí 3**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí**				**R4**	**2024**	**Fógra maidir le dámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh Antinero III chun 41 200 ha d'éiceachórais foraoise dhíghrádaithe a uasghrádú, lena n-áirítear imréitigh foraoise agus coillearnaí agus cothabháil an ghréasáin bóithre foraoise agus an chreasa dóiteáin atá ann cheana, cruthú criosanna dóiteáin measctha agus sruthanna oibre breise amhail bainistiú bithmhaise, díoga coincréite, lintéir, trasnuithe Éireannacha, claífoirt, túir féachana**

										dóiteáin, tógáil leapacha bóthair, umair uisce.
63	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte**	**Garsprioc**	**Athfhoraoisiú, athchóiriú agus cosc — Oibreacha a chur i gcrích**	**Deimhniú ón Aireacht Comhshaoil maidir le tionscadail a chur i gcrích**				**R4**	**2025**	**Cur i gcrích na n-oibreacha uile le haghaidh na nithe seo a leanas:** **— 5 700 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe a athchóiriú sa Ghréig trí phlanduithe a phlandú ina n-úsáidtear 50 % ar a laghad de speicis dhúchasacha. (Athfhoraoisiú — fothionscadal a haon).** **— na ceithre phlandlann foraoise a uasghrádú agus a nuachóiriú;** **— cur chun feidhme píolótach an Phlean Náisiúnta Athfhoraoisithe** **— FrithNERO I, II, III & IV (chun 87 900 ha**

										d'éiceachórais dhíghrádaithe a uasghrádú trí ghlanadh foraoise agus coillearnaí, bóithre foraoise agus criosanna dóiteáin atá ann cheana a chothabháil, criosanna dóiteáin measctha agus sruthanna oibre breise a chruthú amhail bainistiú bithmhaise, díoga coincréite, lintéir, trasnuithe Éireannacha, claífoirt, túir féachana dóiteáin, tógáil leapacha bóthair, umair uisce. . EUR 411300000 ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a chuirfear i gcrích le haghaidh na gclár sin thar thréimhse an bhirt. **— Bearta frithchreimthe agus friththuilte in Evros agus Rhodopes lena gcumhdaítear 5 000 ha**

										d’oibreacha frithchreimthe agus 175 000 m² d’oibreacha cosanta ar thuilte san iomlán. Áireofar in oibreacha athchóirithe breise bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte ar fud na Gréige lena gcumhdófar 1 221 ha d’oibreacha frithchreimthe, agus 226 437 m² d’oibreacha cosanta ar thuilte.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
64	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16851_Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe	Garsprioc	Bithéagsúlacht — Cur i gcrích	Oibreacha a chur i gcrích				R4	2025	Na fothionscadail uile maidir le cosaint na bithéagsúlachta a chur i gcrích: le bunú líonra náisiúnta cosán agus cosán siúlóireachta, bunaíodh Músaem Náisiúnta na Staire Nádúrtha agus uasghrádú Mhúsaem Stair Nádúrtha na Créite, digitiú Bhailiúcháin Stair Nádúrtha na Gréige, cruthú féiniúlachta corparáidí le haghaidh táirgí a bhaineann le nádúr na Gréige, bunú an chórais oibríochtúil lena dtacaítear leis an

										bplean córais faireacháin chothrománaigh agus patrólaithe do limistéir uile na Gréige faoi chosaint.

Grúpa 6: Bonneagar fuíolluisce agus uisce, coigilteas uisce

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa seo:

● Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda (ID: 16846)

● Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil (ID: 16850)

Uimhir sheiche amhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
66	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhsha	Garsprioc	Iarratais ar bhonneagair uisce a fhormheas	Iarratais arna bhformheas ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh				R2	2023	Glao ar leas a eisiúint le haghaidh tionscadail bonneagair uisce, lena n-áirítear na ceanglais seo a leanas: (i) chun go mbeidh Innéacs Sceite Bonneagair (ILI) ag córais nuathógtha a bheidh níos lú ná 1,5 (ii) nó cothrom leis i gcás gníomhaíochtaí athchóirithe chun an sceitheadh a laghdú níos mó ná 20 % nó chun an meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % agus (iii) chun go mbeidh gléasraí díshalannaithe nasctha le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus chun

	oil — 16850_Bonneagair Soláthair agus Coigilte Uisce Óil									**meántomhaltas fuinnimh a bheith acu a bheidh níos lú ná 0.5 kWh nó cothrom leis.**
68	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16846_Bonneagair Bainistíocht a Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda**	**Garspriioc**	**Fógra faoi dhámhachtain conartha le haghaidh tionscadail fuíolluisce**	**Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí uile**				**R4**	**2023**	**Fógra faoi dhámhachtain conartha le haghaidh tionscadail bainistithe fuíolluisce agus sloda:** **1. Bonneagar an líonra séarachais agus Gléasraí Cóireála Fuíolluisce (WWTP).** **2. Gléasraí Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú, a leathnú agus a nuachóiriú agus uisce cóireáilte a athúsáid.** **3. Bonneagar bainistithe sloda ó Ghléasraí Cóireála Dramhaíola Uisce a chur chun feidhme.**

	ó Chóireáil Fuíolluisce									
73	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16846_Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce**	**Garspriooc**	**Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda a chur i gcrích**	**Oibreacha a chur i gcrích**				**R4**	**2025**	**Gach tionscadal bainistithe fuíolluisce uirbigh agus sloda a chur i gcrích:** **1. Bonneagar an líonra séarachais agus Gléasraí Cóireála Fuíolluisce (WWTP);** **2. Gléasraí Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú, a leathnú agus a nuachóiriú agus uisce cóireáilte a athúsáid; agus** **3. Bonneagar bainistithe sloda ó Ghléasraí Cóireála Dramhaíola Uisce a chur chun feidhme.**

74	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16850_Bonneagair Soláthair agus Coigilte Uisce Óil**	**Garspriooc**	**Bonneagair uisce a thabhairt chun críche**	**Oibreacha a chur i gcrích**				**R4**	**2025**	**Soláthar uisce a chur i gcrích agus tionscadail bhonneagair a shábháil, lena n-áirítear:** **(a) Bonneagair soláthair uisce i seacht limistéar ar a laghad agus i dtrí Ghléasra díshalannaithe ar a laghad** **(b) Teiliméadracht — Tionscadail Chianrialaithe chun sceití i líonraí soláthair uisce a bhrath agus** **(C) Soláthar méadar uisce digiteach**

Grúpa 7: Tionscadail Cosanta Sibhialta

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa seo:

● Modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime (ID: 16911)

● Córas nuálach faireacháin agus bainistíochta a fhorbairt (ID: 16910)

● Bainistiú Straitéiseach Náisiúnta Riosca Tubaistí a bhunú (ID: 16909)

● Trealamh comhraicthe dóiteáin, coisc agus freagartha foraoise (ID: 16912)

● Ionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP (ID: 16283)

- **Réamhchigireacht ar fhrithsheasmhacht sheismeach foirgneamh (ID: 16983)**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
77	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimne	Garsprioc	Tairiscint le haghaidh 13 Lárionad Réigiúnacha	Fógra tairisceana a fhoilsiú				R3	2021	Fógra tairisceana a fhoilsiú chun 13 ionad réigiúnacha cosanta sibhialta a fhoirgniú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	acht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16283_Cur chun feidhme na nIonad Réigiúnach um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) trí scéimeanna PPP									

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
78	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16910_Córas Faireacháin agus	Garsprioc	Conradh le haghaidh GPS	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R4	2022	Fógra a thabhairt faoi dhámhachtain conartha don Chóras Faireacháin GPS agus don chóras luathrabhaidh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Bainistíochta									
79	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16911_Modhanna oibríochta**	**Garsprioc**	**Dhá héileacaptar comhraic dóiteáin mheánmhéide a cheannach**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí**				**R4**	**2023**	**Fógra faoi dhámhachtain an chonartha chun dhá héileacaptar comhraic dóiteáin mheánmhéide a cheannach le haghaidh riachtanais cosanta sibhialta agus comhraic dóiteáin.**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	le haghaidh bainistiú géarchéime									
81	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhsha	Garsprioc	An córas faireachán agus bainistíocht a le haghaidh cosaint shibhialta a chur i gcrích	Comhlánú deimhnithe ag an Tuarascáil ón Aireacht um Ghéarchéim Aeráide agus um Chosaint Shibhialta				R4	2025	Na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích: 1. Córas Faireacháin GPS a úsáideann an tSeirbhís Dóiteáin Heilléanach, chomh maith le feithiclí de chuid an Lárionaid Oibríochtaí Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (innealra tionscadail, etc.). Córas faisnéise “rannpháirtíochta” na Seirbhíse Heilléanaí Dóiteáin a leathnú; 2. Córas Réamhrabhaidh; 3. Córais braite dóiteáin agus múchta dóiteáin;

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	oil — 16910 _Córas Faireachán agus Bainistíochta									4. Stáisiúin chumarsáide éigeandála agus soláthar sonraí aeráide maidir le limistéir spéise.
82	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an	Garsprioc	Tionscadail na n-aermhodhanna le haghaidh bainistiú géarchéime a chur i gcrích	Críochnú deimhnithe ag Tuarascáilón Aireacht um Ghéarchéim Aeráide agus um Chosaint Shibhialta				R4	2025	Na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích: 1. 2 héileacaptar fóntais mheánmhéide a sheachadadh le haghaidh úsáid leighis; 2. Seachadadh Aerfheithiclí gan foireann — aerárthaí gan foireann (Dróin) le haghaidh faireachas aeir; 3. 2 héileacaptar comhraic dóiteáin mheánmhéide a sheachadadh;

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	chomhshaoil — 16911_Modhanna oibríochta le haghaidh bainistiú géarchéime									**4. Héileacaptar amháin a sheachadadh chun Foireann Bainistithe Teagmhas ARC a iompar;** **5. 8 n-aerárthach amfaibiacha comhraic dóiteáin in Innill Aonair a sheachadadh do choimpléisc na n-oileán; agus** **6. Uasghrádú — nuachóiriú dhá (2) Super Pumas.**
83	**4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an**	**Garsprioc**	**Trealamh troda foraoise a chur i gcrích**	**Críochnú deimhnithe ag tuarascáilón Aireacht Gnóthaí Baile**				**R4**	**2025**	**Na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích:** **1. Seachadadh inneall dóiteáin agus feithiclí freagartha eile;** **2. Seachadadh Feithiclí le haghaidh ARC, Lárionaid Oibríochtaí Réigiúnacha/Áitiúla um Chosaint**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16912_Trealamh comhraic dóiteáin, coisc agus freagartha foraoise									Shibhialta agus Eagraíochtaí Oibre Deonaí; agus 3. Droichid iompartha iompartha a sheachadadh.
84	4 1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in	Garsprioc	Bainistíocht Náisiúnta Riosca Tubaistí a chur i gcrích	Cur i gcrích deimhnithe ag tuarascáil ón Aireachtum				R4	2025	Na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích: 1. Lárionad straitéiseach Náisiúnta um Bainistiú Riosca Tubaistí a bhunú i bhfoirgnimh Atlantas agus Faros.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16909_Bonneagar — Bainistiú Straitéiseach Náisiúnta Riosca Tubaistí a bhunú			Ghéarchéim Aeráide agus um Chosaint Shibhialta						2. Tógáil saoráidí nua tógála agus trealaimh oifige le haghaidh Institiúidí Oideachais an Chóir um Chosaint Shibhialta agus an Chóir Dóiteáin. 3. Trí aerárthach a sheachadadh mar lárionaid rialaithe agus bainistíochta aerfhaireachais. 4. Riarachán móibíleach agus ionaid rialaithe ar an láthair a sheachadadh sna 13 Réigiún.
332	4 1.4. Úsáid inbhuanai	Garsprioc	Réamhchigireachtaí seismeach	Cur i gcrích deimhnith				R1	2025	Na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích:

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	the acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16983_Réamhchigireacht ar fhrithsheasmhacht sheismeach		a a chur i gcrích	e ag tuarascáilón Aireacht um Ghéarchéim Aeráide agus um Chosaint Shibhialta						1. Córas ar líne a fhorbairt chun sonraí bunúsacha tógála a chlárú sa phríomhstóras néalríomhaireachta RVI réamh-chré; 2. Soláthar ábhair oideachais agus córas oiliúna Iniúchóirí Innealtóirí Sibhialta; 3. Réamh-mhearchigireacht Amharc (RVI) ar 21970 foirgneamh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	foirgneamh									

E. COMHCHUID 2.1: DÉAN TEAGMHÁIL

Tá bearta sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige arb é is aidhm dóibh imscaradh forleathan líonraí fíor-ardacmhainne, lena n-áirítear 5G agus snáithín, a chothú agus a éascú, i gcomhréir le cuspóirí 2025 an Aontais maidir le nascacht 5G agus Gigighiotáin, agus buíon satailítí beaga a fhorbairt. Baineann na hinfheistíochtaí a áirítear faoin gcomhpháirt sin le bonneagar snáthoptaice a shuiteáil i bhfoirgnimh agus le húsáid teicneolaíochtaí agus feidhmeanna spáis trí chnuasach satailítí beaga a fhorbairt lena dtacófar le seirbhísí nascachta slána mar aon le feidhmeanna ilchuspóireacha le haghaidh fhaire na cruinne. Leis na hathchóirithe a áirítear faoin gcomhpháirt sin, bunaítear creat chun an t-aistriú chuig naisc leathanbhanda thapa agus an t-aistriú chuig teicneolaíocht 5G a éascú.

Tugann na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe uile atá beartaithe aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as an ngá méadaitheach atá le nascacht agus faire agus faireachas na cruinne. Tacaíonn na bearta le haghaidh a thabhairt ar an *Moladh Tírshonrach* maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (*Moladh Tírshonrach 3* 2020), lena n-iarrtar ar an nGréig infheistíocht a dhíriú ar an aistriú digiteach agus go háirithe ar bhonneagar digiteach fíor-ardacmhainneachta. Freagraíonn siad go héifeachtach freisin don aistriú digiteach agus/nó do na dúshláin a eascraíonn as, toisc go meastar go rannchuideoidh siad go mór le nascacht fíor-ardluais a fheabhsú sa Ghréig. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Satailítí beaga (aitheantas tomhais: 16855)

Baineann an infheistíocht le buíon satailítí beaga a fhorbairt lena dtacófar le seirbhísí nascachta, chomh maith le feidhmchláir fhaire na cruinne i réimsí na mapála, na loingseoireachta, na talmhaíochta beaichte, na pleanála spásúla agus réimsí eile. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Aistriú chuig teicneolaíocht 5G, forbairt cianseirbhísí nuálacha a éascú (aitheantas birt: 16844)

Bunófar leis an athchóiriú bonn don aistriú chuig teicneolaíocht 5G. Díríonn an chéad chéim den athchóiriú ar chur chun feidhme an chreata rialála agus reachtaigh, go háirithe trí 25 % de thuilleamh ceantála 5G ilbhanda a úsáid chun tacú leis an gciste Phaistos nuálach a infheistíonn i gcuideachtaí agus i dtionscadail a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí 5G. Áireofar sa dara céim próiseas chun deiseanna agus rioscaí breise a shainaithint i bhforbairt líonraí 5G, nósanna imeachta a chuíchóiriú, agus measúnú a dhéanamh ar cheanglais agus rioscaí i bhfeidhmeanna eacnamaíocha sonracha (amhail

iompar). Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2024.

Athchóiriú: Aistriú chuig naisc leathanbhanda Gigighiotáin — Aistriú chuig naisc leathanbhanda Gigighiotáin agus an t-éileamh ar leathanbhanda gigighiotáin a neartú (aitheantóir birt: 16857)

Is éard atá san athchóiriú sin teacht i bhfeidhm creat dlíthiúil le haghaidh an aistrithe chuig naisc líonra fíor-ardacmhainneachta-líonra fíor-ardacmhainneachta trí shnáithíní optúla agus an trealamh a ghabhann leo a shuiteáil i bhfoirgnimh, chomh maith le cáblaí fomhuirí i gcás oileáin na Gréige, rud a chumasaíonn cumhdach níos fearr ar naisc leathanbhanda Gigighiotáin. Saineofar sa chreat dlíthiúil na sonraíochtaí teicniúla agus na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha maidir le himscaradh bonneagair leathanbhanda laistigh den fhoirgneamh atá in ann nascacht ghigighiotáin a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.Infheistíocht: Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh (aitheantas birt: 16818)

Cuireann an infheistíocht suiteáil an bhonneagair snáthoptaice i bhfoirgnimh chónaithe agus thráchtála agus nasc úsáideoirí deiridh le líonraí fíor-ardacmhainne (VHCN) chun cinn bunaithe ar scéim fóirdheontais éilimh (dearbhóir) lena bhfóirdheonaítear (a) na costais a bhaineann le cáblú inmheánach agus (b) na táillí nasctha (táille socraithe aonuaire na seirbhísí leathanbhanda). Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Grúpa 8: Nascacht

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa seo:

● Aistriú chuig teicneolaíocht 5G, lena n-éascaítear forbairt cianseirbhísí nuálacha. (ID: 16844)

● Aistriú chuig naisc leathanbhanda Gigighiotáin — Aistriú chuig naisc leathanbhanda Gigighiotáin agus an t-éileamh ar leathanbhanda gigighiotáin a neartú (ID: 16857)

● Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh (ID: 16818)

● Satailítí beaga (ID: 16855)

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
85	5 2.1. Ceangail — 16818_Bonneagar snáthopta	Garsprioc	Dámhachtain conartha/conarthaí don tionscadal	Fógra faoi dhámhachtain conartha/conarthaí				R3	2022	Dámhachtain conartha/conarthaí tar éis an próiseas tairisceana a chur i gcrích go rathúil don tionscadal ‘Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh’.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	ice i bhfoirgnimh		‘Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh’							Áiritheoidh SA/Aireacht Rialachais Dhigitigh na Sochaí Faisnéise go scrúdófar na hiarratais go léir a chuirtear isteach chun a dheimhniú an dtugann na hiarratais aghaidh mar is ceart ar éilimh an Ghlao. Ar roghnú an chonraitheora iomchuí, rachaidh an tSochaí Faisnéise S.A./an Aireacht Rialachais Dhigitigh ar aghaidh le dámhachtain conartha ina saineofar oibleagáidí, róil agus freagrachtaí na bpáirtithe conarthacha.
87	5 2.1. Ceangail — 16855_Sailítí beaga	Garsprioc	Dámhachtain conartha/conarthaí don tionscadal	Fógra faoi dhámhachtain conartha/conarthaí				R2	2023	Dámhachtain conartha/conarthaí tar éis an próiseas tairisceana don tionscadal ‘Satailítí Beaga’ a chur i gcrích go rathúil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			‘Satailítí Beaga’							
90	5 2.1. Ceangail — 16818_Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh	Cuspóir sonrach	An tionscadal ‘Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh’ a thabhairt chun críche		Teaghaisí atá nasctha le bonneagar agus seirbhís snáthoptaice Fiber to The Home (FTTH)	0	230 000	R4	2025	230000 teaghais atá nasctha le bonneagar agus seirbhís snáthoptaice FTTH.
92	Ceangail — 16855_Sailítí beaga	Garsprioc	Tionscadal na ‘Satailítí Beaga’ a thabhairt	Tuarascálacha coimisiúnaithe i bhfithis tar éis lainseáil				R4	2025	Tosaíonn an Treoirthionscadal gnáthoibríochtaí agus seoltar buíon na Satailítí Beaga agus cuirtear i bhfithis é.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			chun críche	na Satailítí Beaga						Déanfar meastóireacht ar sholáthar an tionscadail dá fheidhmíocht (cibé acu a thacaíonn satailítí beaga le seirbhísí slána teileachumarsáide mar aon le feidhmchláir um fhaire na cruinne i réimsí na mapála, na loingseoireachta, na talmhaíochta beaichte, na pleanála spásúla agus earnálacha eile den gheilleagar).
333	5 2.1. Ceangail — 16844_ Aistriú chuig teicneolaíocht 5G, lena n-éascaítear forbairt cianseirb	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Aistrithe chuig athchóiriú teicneolaíochta 5G	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála agus reachtaigh				R3	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta tánaistí bunaithe ar leasú dlí a foilsíodh i nDlí na hIrise Oifigiúla 4727/2020, airteagail 92 & 107 (míreanna 61, 62, 63) lena sainítear an próiseas chun Speictream 5G a leithdháileadh le haghaidh Treoirthionscadail trí chiste Phaistos nó/agus eintitis ollscoile, lena n-áirítear próiseas chun tuilleadh deiseanna agus rioscaí a shainaithint i bhforbairt líonraí 5G, nósanna

134	**8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16750_Claochlú Digiteach na gCóras Saothair**	**Garsprioc**	**Dámhachtain conartha do chórais TF saothair**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí**				**R4**	**2022**	**Dámhachtain conartha a chur i gcrích le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:** **— Córas TF aonair le haghaidh faireachán ar mhargadh an tsaothair (ARIADNE)** **— Sláinte agus sábháilteacht cheirde (HERIDANOS)** **— Próiseas socraithe pá íosta reachtúil** **— Stair árachais an Chiste Pinsin Aonair (e-EFKA) a dhigitiú** **— Córas faisnéise comhtháite nua le haghaidh e-EFKA (EFKA IITS)** **— Uasghrádú ar an gcóras dámhachtana pinsean digiteach (ATLAS)**
135	**8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16942_Claochlú Digiteach na**	**Garsprioc**	**DYPA Digitiú, stóráil agus comhdú cartlann**	**Deimhniú glactha maidir le táirgí insoláthartha an tionscadail**				**R4**	**2023**	**Digitiú, stóráil agus comhdú chartlann DYPA a chur i gcrích.**

	Seirbhíse Poiblí Fostaíochta (DYPA)									
135a	**8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16942_Claochlú Digiteach na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta**	**Cuspóir sonrach**	**Claochlú digiteach DYPA**	**Tuarascáil ó DYPA lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail A, b, c agus d i gcrích**				**R4**	**2025**	**Claochlú digiteach na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta a chur i gcrích tríd an méid seo a leanas:** **a) Seacht gcóras TF nua a cheannach, idir fheidhmchláir ghréasánbhunaithe agus iarratais dhúchasacha (VET OPS, Córas Bainistíochta Sócmhainní, FMIS, HRM, Cibearshlándáil, Seatbot, Bonneagar Deisce Fíorúla (VDI));** **(b) Athdhearadh trí cinn de chórais TF reatha na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta, eadhon (ex OEAD) aip DYPA, OPS (ex OAED) DYPA, córas cinnteoireachta nua fianaisebhunaithe agus sonraíbhunaithe;** **seirbhísí digiteacha a leathnú (trí fheidhmchlár DYPA) lena gceadófar do DYPA ríomhsheirbhísí a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus do ghnólachtaí trí fhóin phóca agus táibléid;**

										uirlis a chruthú chun cabhrú leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta an próiseas meaitseála soláthair-éilimh saothair a bharrfheabhsú.
134a	**8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16750_Claochlú Digiteach na gCóras Saothair**	**Garspriooc**	**Córais TF saothair a chur i gcrích**	**Deimhniú glactha maidir le táirgí insoláthartha tionscadal**				**R4**	**2025**	**Na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích:** **— Córas TF aonair le haghaidh faireachán ar mhargadh an tsaothair (ARIADNE)** **— Sláinte agus sábháilteacht cheirde (HERIDANOS)** **— Próiseas socraithe pá íosta reachtúil** **— Stair árachais an Chiste Pinsin Aonair (e-EFKA) a dhigitiú** **— Córas faisnéise comhtháite nua le haghaidh e-EFKA (EFKA IITS), lena n-áirítear uasghrádú an chórais dhigitigh dámhachtana pinsean (ATLAS)**

2.

I. COMHPHÁIRT 3.2: OIDEACHAS, GAIRMOIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT, AGUS SCILEANNA

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige cáilíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil a fheabhsú. Áirítear sa chomhpháirt infheistíocht i gcláir chothrománacha uas-scilithe i scileanna digiteacha, glasa agus litearthachta airgeadais le haghaidh 628000 tairbhí san iomlán. Ag gabháil leis sin, tá athchóiriú ar an gcóras foghlama ar feadh an tsaoil chun feabhas a chur ar an soláthar oiliúna, agus pacáiste athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndírítear ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET) agus ar na córais phrintíseachta chun a n-ábharthacht i margadh an tsaothair a fheabhsú. Maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, tá sé d'aidhm ag an bplean bonneagair agus trealamh gairmoideachais agus gairmoiliúna a uasghrádú, agus na curaclaim atá ann cheana a nuachóiriú. Thairis sin, déantar foráil sa phlean maidir le straitéis nua barr feabhais in ollscoileanna, arb é is aidhm di feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht taighde agus ar a gcáilíocht oideachais trí infheistíochtaí a dhéanamh in uasghrádú bonneagar taighde agus oideachais, trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail taighde agus do thionscadail dochtúireachta i gcomhar leis an earnáil phríobháideach agus trí scéimeanna ollúnachta ar cuairt freisin. Tá na hathchóirithe sin ceangailte le hinfheistíochtaí i ndigitiú an chórais oideachais, a leithdháiltear cuid mhór de ar chórais foghlama idirghníomhacha i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus dearbháin do dhaltaí agus do mhic léinn ó theaghlaigh ar ioncam íseal chun trealamh TF a cheannach.

Tá an chomhpháirt i gcomhréir leis na Moltaí Tírshonracha chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san infhostaitheacht agus i scileanna agus chun digitiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú (moltaí tírshonracha 3 2020 agus 2 2019). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Straitéis Nua maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Athscilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú (aitheantas birt: 16913)

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar an gcreat foghlama ar feadh an tsaoil d'fhonn a cháilíocht agus a ábharthacht don mhargadh saothair a mhéadú. Go háirithe, leis an athchóiriú, beifear in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar riachtanais éilimh an mhargaidh saothair agus freastal orthu trí thacair sonraí aireachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla atá ann cheana a nuachóiriú, a uasghrádú agus a idirnascadh, lena n-áirítear an Sásra Diagnóise sa Mhargadh Saothair a bunaíodh in 2016. Bunófar leis an athchóiriú freisin Cuntais Scileanna ar feadh an tSaoil (LSAanna), a mheastar a bheidh mar an phríomhuirlis chun oiliúint leanúnach a chur ar fáil ag brath ar riachtanais phearsantaithe, agus Liosta nua do Sholáthraithe Oiliúna Incháilithe

Náisiúnta lena gcuirfear i bhfeidhm íoschritéir cháilíochta ionchuir-bhunaithe maidir le hoiliúnóirí. Ar deireadh, mar thoradh ar an athchóiriú, bunófar struchtúr rialachais nua, an Chomhairle Scileanna Náisiúnta a bheidh bunaithe in DYPA agus a bheidh freagrach as nuashonrú bliantúil ar an Straitéis Náisiúnta Scileanna a dhearadh. Tá infheistíocht ag gabháil leis an athchóiriú i gcláir chothrománacha uas-scilithe lena ndírítear ar ghrúpaí éagsúla den daonra agus atá dírithe ar a) scileanna digiteacha bunlíne agus meánleibhéil a chur ar fáil, b) scileanna glasa agus c) scileanna litearthachta airgeadais. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe agus na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht (beart ID: 16289)

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar fheidhmíocht taighde agus ar eisreachtú ollscoileanna na Gréige, lena n-áirítear trí fhoireann acadúil agus taighdeoirí cáilithe agus aitheanta a mhealladh, agus feabhas a chur ar cháilíocht agus ábharthacht an oideachais a chuirtear ar fáil do mhic léinn maidir le margadh an tsaothair. Go háirithe, déantar foráil san athchóiriú maidir leis an méid seo a leanas: scéim maoinithe 70 tionscadal taighde (Braislí Barr Feabhais Taighde) a bheidh dírithe ar acadóirí chun tionscadail taighde a dhéanamh le cuideachtaí san earnáil phríobháideach sa Ghréig; bonneagair thaighde agus oideachais ollscoileanna roghnaithe de chuid na Gréige a uasghrádú; claochlú digiteach Líonra Náisiúnta na Leabharlann Heilléanach; agus d) cláir staidéir iarchéime chomhpháirteacha agus/nó déchéime a bhunú le hollscoileanna eachtracha. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: An Córas Printíseachta a neartú (aitheantas birt: 16794)

Is é is aidhm don athchóiriú gairmscoileanna printíseachta na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA EPAS) a athbhunú mar chuid lárnach de straitéis an rialtais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) agus fostaíocht don aos óg. Go háirithe, áirítear leis an athchóiriú 1) creat dlíthiúil nua a thabhairt isteach don chóras náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna; 2) próisis foghlama a shimpliú agus modheolaíochtaí agus uirlisí nua a chomhtháthú amhail ardáin ríomhfhoghlama agus ábhar oiliúna digitithe, do phrintísigh agus d'oiliúnóirí araon; 3) curaclaim reatha a mheasúnú, a athdhearadh agus a thabhairt cothrom le dáta (le rannchuidiú na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bhfostóirí) chun iad a ailíniú tuilleadh le riachtanais iarbhír mhargadh an tsaothair; Bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna (saotharlanna agus trealamh) a athnuachan agus a nuachóiriú; Athchóiriú ar fhoirgnimh EPAS chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmiúlacht spásúil a fheabhsú; 6) teicneolaíocht fhíorúil-réadúlachta a chomhtháthú i modúil foghlama laethúla; Clár fairsing "oiliúint na n-oiliúnóirí" a imscaradh do phearsanra oideachais DYPA; (8) feachtas cumarsáide a imlonnú chun an córas printíseachta a chur chun cinn. Rannchuideoidh cuid thiomnaithe de na deontais leithdháilte le scileanna agus poist ghlasa agus leis an ngeilleagar glas. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Comhlíonfaidh na hathchóirithe agus na bearta éifeachtúlachta fuinnimh (i) athchóiriú meánleibhéil ar a laghad mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (AE) 2019/786, nó (b) bainfidh siad amach, ar an meán, laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a

áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh.

Athchóiriú: Scileanna, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Oideachais agus Oiliúna) (beart ID: 16792)

Is é is aidhm don athchóiriú 1) feabhas a chur ar rialú cáilíochta (amhail córais mheastóireachta lena rianaítear dul chun cinn agus feidhmíocht oiliúnaithe) in aonaid gairmoiliúna na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA), 2) a modúil a nuashonrú i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, mar chuid den athchóiriú cuimsitheach ar bheartais ghníomhacha DYPA maidir leis an margadh saothair (ALMPanna), agus 3) ríomhfhoghlaim agus digitiú ábhair oiliúna a chur chun cinn. In éineacht leis sin, tá infheistíocht i soláthar trealaimh saotharlann. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (aitheantas birt: 16934)

Is é is aidhm don athchóiriú atá beartaithe dlús a chur le cur chun feidhme dhlí 4763/2020. Meastar go rannchuideoidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe 1) le conair oideachais tharraingteach a dhéanamh den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint (VET) 2) an nasc idir an t-oideachas agus riachtanais mhargadh an tsaothair a neartú agus 3) na scileanna is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chur ar fáil agus borradh a chur faoi ionchais fostaíochta, go háirithe, daoine óga. Tá na comhpháirteanna seo a leanas san athchóiriú: treoracha oiliúna, cláir oiliúna agus oiliúint oiliúnóirí a dhearadh agus a fhorbairt le haghaidh cúig Scoil Théamacha agus deich Scoil Thurgnamhacha Ardghairme (SAEK), agus athchóiriú foirgneamh sé cinn de na hinstitiúidí sin; (b) dearadh agus forbairt curaclaim, clár oiliúna agus oiliúna d'oiliúnóirí le haghaidh 25 Líceum Ghairme Shamhla (Samhail EPAL), agus athchóiriú foirgneamh 21 de na Lyceums sin; seirbhísí digiteacha na hEagraíochta Náisiúnta um Dheimhniú Cáilíochtaí agus Gairmthreorach (EOPPEP) a leathnú, agus ardán ríomhfhoghlama gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhorbairt lena dtiontófar ábhar foghlama atá ann cheana ina mhodúil ríomhfhoghlama. Is é is aidhm do gach tionscadal rannpháirtíocht na mban sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a spreagadh agus a

scileanna ceannaireachta a chur chun cinn. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Claochlú digiteach an Oideachais (aitheantas birt: 16676)

Foráiltear leis an infheistíocht claochlú digiteach an oideachais ó thaobh ábhair, bonneagair agus seirbhísí de, agus tá straitéis chuimsitheach athchóirithe ag gabháil léi chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí oideachais. Tá na comhpháirteanna seo a leanas san infheistíocht: Ábhar digiteach i scoileanna; trealamh digiteach i scoileanna; forbairt ghairmiúil na múinteoirí i scoileanna, agus seirbhísí digiteacha i scoileanna agus in ollscoileanna. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: An Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint (VET) a uasghrádú: Trealamh saotharlainne a sholáthar d'Ionaid Saotharlainne do SAEK, EPAL, d'Aicme Iar-Dhara Bliain-Printíseacht agus do Scoileanna Gairmoiliúna (aitheantas birt: 16933)

Leis an infheistíocht sin, déanfar bonneagair shaotharlainne na n-institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a uasghrádú agus a nuachóiriú ar fud na Gréige, go háirithe a mhéid a bhaineann le Scoileanna Ardoiliúna (SAEK), Ardscoileanna Sinsearacha Gairme (EPAL), Scoileanna Iar-Dara Bliain-Printíseachta agus Scoileanna Gairmoiliúna. Comhlánaíonn an infheistíocht sin an t-athchóiriú ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint a uasghrádú. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

An infheistíocht is mó 5: Straitéis Nua maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
138	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16913_A Straitéis nua maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil:	Garsprioc	Straitéis foghlama ar feadh an tsaoil teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla agus na reachtaíochta tánaistí				R2	2022	Ar bhonn na Straitéise Náisiúnta um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, tiocfaidh reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach i bhfeidhm ina leagfar amach príomhghnéithe an chreata nua foghlama ar feadh an tsaoil (lena n-áirítear forálacha chun an Chomhairle Scileanna náisiúnta a bhunú mar chomhlacht lárnach maoirseachta, chun cuntais scileanna ar feadh an tsaoil a bhunú, Liosta náisiúnta Soláthraithe Oiliúna Incháilithe agus Scórchárta agus sásra diagnóise don mhargadh saothair).

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú									
139	**9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16913_A Straitéis nua**	**Cuspóir sonrach**	**Bailíochtú na straitéise maidir le cláir oiliúna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil**		**Líon na ndaoine a fuair deimhniú ar éirigh leo rannpháirtíocht i gclár oiliúna**	**0**	**150 000**	**R4**	**2022**	**Cláir oiliúna maidir le scileanna litearthachta digití, glasa agus airgeadais a chur i gcrích do 150000 rannpháirtí ar a laghad agus bailíochtú agus deimhniú scileanna a fuarthas do gach rannpháirtí rathúil.** **Leis an infheistíocht sin, téitear i ngleic leis an ngá atá le scileanna litearthachta digití, glasa agus airgeadais na ngrúpaí daonra seo a leanas: (a) daoine dífhostaithe, go háirithe daoine óga agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, b)**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú									fostaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil baol ard dífhostaíochta ag baint leo agus iad siúd a fhágtar ar lár le teicneolaíocht spáis oibre, c) fostaithe, go háirithe ag FBManna a bhfuil cumas teoranta oiliúna intí acu, d) fostaithe san earnáil phoiblí, lena n-áirítear múinteoirí, Is iad seo a leanas na scileanna a chuirtear ar fáil: a) Scileanna digiteacha bonnlíne, b) Scileanna digiteacha meánleibhéil, c) Scileanna glasa agus d) Scileanna litearthachta airgeadais.
140	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna	Cuspóir sonrach	Cláir oiliúna straitéis foghlama ar feadh an tsaoil a bhailíoc		Líon na ndaoine a fuair deimhniú ar éirigh leo an clár oiliúna a	150 000	500 000	R4	2025	— Cláir oiliúna maidir le scileanna litearthachta digití, glasa agus airgeadais a chur i gcrích do 500000 rannpháirtí (carnach, ráig 1 agus ráig 2) agus bailíochtú agus deimhniú scileanna a fuarthas tríd an dá shraith de chláir oiliúna do na rannpháirtithe uile a n-éireoidh leo.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	— 16913_A Straitéis nua maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú		htú agus a fháil		chur i gcrích					As an líon iomlán rannpháirtithe, beidh ar a laghad 33 % (167000 rannpháirtí) tar éis cláir oiliúna a bhaineann le scileanna glasa agus poist ghlasa sa gheilleagar glas a chur i gcrích. — Foirgneamh nua a fháil a bheidh ina cheanncheathrú ag DYPA agus ag an gComhairle Náisiúnta Scileanna, agus a bheidh ina óstach freisin ar Lár-Ionad Foghlama ar Feadh an tSaoil DYPA.

Grúpa 11: Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair/Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna a chur chun cinn — DYPA- Athchóirithe agus Infheistíochtaí

- **Brainsí áitiúla DYPA a athstruchtúrú agus a athbhrandáil chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2) (ID: 16941)**
- **Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair (ID: 16747)**
- **An córas printíseachta a neartú (ID: 16794)**
- **Beartais Éighníomhacha maidir leis an Margadh Saothair a Athchóiriú chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht (ID: 16746)**
- **Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú fórsa saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Oideachais agus Oiliúna) (ID: 16792)**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
141	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16941_SPF áitiúil DYPA a athstruchtúrú agus a athbhrandáil (KPA2)	Garsprioc	Athchóiriú eagraíochtúil DYPA teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe eagraíochtúil ar an Eagraíocht Heilléanach um Fhostaíocht Daonchumhachta (DYPA), a Seirbhísí Poiblí Fostaíochta áitiúla a athstruchtúrú, a athchóiriú agus a athbhrandáil d'fhonn cáilíocht, acmhainneacht agus éifeachtacht na seirbhísí a thairgtear a fheabhsú.
141a	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16941_Athstruchtúrú agus athbhrandáil bhrainsí áitiúla	Garsprioc	Athchóiriú ar KPA2, straitéis chumarsáide, rialú cáilíochta seirbhíse do chustaiméirí,	Tuarascáil ó DYPA lena ndeimhnítear cur i gcrích thionscadail A, b, c, d.				R4	2025	Na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích: (a) Athdhearadh agus athchóiriú foirgneamh ar 40 brainse áitiúil DYPA chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2); straitéis chumarsáide nua de chuid DYPA a chur chun feidhme;

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	DYPA chun an fhostaíocht a chur chun cinn (KPA2)		cineálacha nua próifílithe agus seirbhísí comhairleoireachta.							sásraí rialaithe cáilíochta seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú trí thomhas agus faireachán a dhéanamh ar ghnéithe éifeachtachta, éifeachtúlachta, táirgiúlachta agus sástachta custaiméara; foirmeacha nua próifílithe agus seirbhísí comhairleoireachta a chur chun feidhme.
142	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha maidir leis an Margadh Saothair chun	Garsprioc	Athchóiriú ar an gcreat um oibleagáid fhrithpháirteach teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R3	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun creat na n-oibleagáidí frithpháirteacha a athchóiriú, lena leagtar amach an caidreamh idir an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPFanna) agus an cuardaitheoir poist. I measc nithe eile, áireofar san athchóiriú sainmhíniú nua ar chuardach gníomhach poist agus smachtbhannaí orthu siúd atá dífhostaithe nach gcomhlíonann na rialacha nua.

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht									
142a	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhach a maidir leis an Margadh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht	Garsprioc	Reachtaíocht maidir le sochair dhífhostaíochta agus liúntais dífhostaíochta	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta,				R4	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun sochair dhífhostaíochta agus liúntais dífhostaíochta a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú chun éifeachtúlacht caiteachais phoiblí a fheabhsú, agus chun deireadh a chur le dídhreasachtaí le haghaidh uas-sciliú/athsciliú i measc daoine dífhostaithe trína dteidlíocht ar shochair dhífhostaíochta a choinneáil le linn dóibh a bheith rannpháirteach in oiliúint.

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/S prioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
142b	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha maidir leis an Margadh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht	Garsprioc	Treoirthionscadal maidir le comhdhlúthú agus cuíchóiriú sochar dífhostaíochta	Tuarascáil ó DYPA lena ndeimhnítear gur cuireadh an treoirthionscadal i gcrích				R4	2025	Treoirthionscadal a chur i gcrích lena gcuirfear innéacsú na sochar dífhostaíochta comhcheangailte i bhfeidhm maidir leis an leibhéal glanphá laethúil is déanaí.
143	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint,	Garsprioc	Dámhachtainí conartha córais rialaithe	Fógra faoi dhámhachtainí conartha				R2	2023	Bhí sé d'aidhm ag dámhachtain conartha don chóras rialaithe cáilíochta le haghaidh gairmoideachais agus gairmoiliúna rialú cáilíochta ar aonaid

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	agus scileanna — 16792_Fórsa saothair sciliú, athsciliú agus uas-sciliú trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Oideachais agus Oiliúna)		cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna							ghairmoiliúna na hEagraíochta Heilléanaí um Fhostaíocht Daonchumhachta (DYPA) a fheabhsú, go príomha trí mheasúnú a dhéanamh ar a aschur agus trí dhul chun cinn agus feidhmíocht oiliúnaithe i margadh an tsaothair a rianú.
144	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn — 16747_Athchóiriú ar Bheartais	Cuspóir sonrach	Clár fostaíochta uas-scilithe ALMP a chur i gcrích		Líon na ndaoine dífhostaithe (25-45 bliana d'aois) a fuair deimhniú ar	0	7 000	R4	2024	Clár cuimsitheach uas-scilithe/athscilithe a chur i gcrích agus dul i mbun fostaíochta do 7000 duine dífhostaithe ar a laghad (25-45 bliana d'aois) as na 7500 tairbhí san iomlán

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair				éirigh leo an clár oiliúna a chur i gcrích					
144a	8 3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn — 16747_Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair	Garsprioc	Clár fostaíochta ALMP a thabhairt chun críche	Tuarascáil ó DYPA lena ndeimhnítear gur cuireadh na cláir i gcrích				R4	2025	Na cláir bheartais ghníomhacha seo a leanas maidir leis an margadh saothair a chur i gcrích: ceithre chlár ghearrthéarmacha spriocdhírithe lena bhfóirdheonaítear fostaíocht san earnáil phríobháideach do 30600 duine dífhostaithe ar a laghad as 34000 tairbhí san iomlán (b) Úsáid na samhla seachadta creata oscailte nua, tástáil phíolótach, do ALMPanna (ina dtairgfear cláir oiliúna do 8000 rannpháirtí, ina dtairgfear fóirdheontais fostaíochta do 7000 rannpháirtí agus ina

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/S prioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										dtairgfear fóirdheontais fiontraíochta do 850 rannpháirtí) (C) Feabhas sealadach a chur ar fhoireann chomhairleoireachta na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta trí 600 comhairleoir breise a earcú agus oiliúint 1000 comhairleoir fostaíochta don tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta.
145	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16794_An Córas Printíseachta a Neartú	Cuspóir sonrach	Cúrsaí oiliúna maidir le digitiú na ríomhfhoghlama a chur i gcrích		Líon na gcúrsaí oiliúna digitithe (cúrsaí ríomhfhoghlama)	0	250	R4	2025	Digitiú 250 cúrsa oiliúna ar a laghad de chuid Ghairmscoileanna Printíseachta DYPA (EPAS) a chur i gcrích. Is é is cuspóir don bheart próisis foghlama a shimpliú agus modheolaíochtaí agus uirlisí nua a ionchorprú amhail ardáin ríomhfhoghlama agus ábhar oiliúna

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/S prioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										digitithe, do phrintísigh agus d'oiliúnóirí araon.
145a	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16794_An Córas Printíseachta a Neartú	Garsprioc	Creat dlíthiúil córas náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2024	Teacht i bhfeidhm dlí maidir leis an gcóras náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna.
145b	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna	Garsprioc	Rialú cáilíochta ar scoileanna gairmoideachais	Tuarascáil ó DYPA lena ndeimhnítear gur cuireadh				R4	2025	Na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích: 1) curaclaim reatha 34 chlár oiliúna ar a laghad a mheasúnú, a athdhearadh agus a thabhairt cothrom le dáta chun iad a ailíniú

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/S prioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	— 16794_An Córas Printíseachta a Neartú		agus gairmoiliúna, athchóiriú curaclaim, bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna agus tionscadaileile de réir DYPA	tionscadail i gcrích						tuilleadh le riachtanais iarbhír mhargadh an tsaothair; 2) Bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna a athnuachan agus a nuachóiriú (ar a laghad 210 saotharlann agus a dtrealamh); Athchóiriú 25 fhoirgneamh EPAS ar a laghad chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmiúlacht spásúil a fheabhsú; 4) Teicneolaíocht fhíorúil a chomhtháthú i modúil foghlama laethúla Clár fairsing “oiliúint na n-oiliúnóirí” a bhunú do phearsanra oideachais DYPA (a mbeidh 810 oiliúnóir ar a laghad páirteach ann);

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Feachtas cumarsáide a sheoladh/a rolladh amach/a imscaradh chun an córas printíseachta a chur chun cinn. **Leis na hoibreacha foirgníochta agus athchóirithe críochnaithe faoi thionscadal 3, bainfear amach, ar an meán, athchóiriú meánleibhéil ar a laghad mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (AE) 2019/786 nó (b) laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha a bhaint amach, ar an meán, i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante.**
146	**9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint,**	**Garsprioc**	**Córas rialaithe cáilíochta gairmoideachais**	**Tuarascáil ón Eagraíocht Náisiúnta Fostaíochta**				**R4**	**2025**	**Na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích:** **a) Córas rialaithe cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna arb é is aidhm dó feabhas a chur ar**

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	agus scileanna — 16792_Fórsa saothair sciliú, athsciliú agus uas-sciliú trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Oideachais agus Oiliúna)		agus gairmoiliúna, modúil aonaid gairmoiliúna na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA) a thabhairt cothrom le dáta, cúrsaí digiteacha, soláthar trealaimh 49 saotharlann, cláir	lena ndeimhnítear gur cuireadhtionscadail A, b, c, d agus e i gcrích						rialú cáilíochta ar aonaid ghairmoiliúna na hEagraíochta Náisiúnta Fostaíochta (DYPA) (b) Modúil oiliúna aonaid ghairmoiliúna na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta (DYPA) a thabhairt cothrom le dáta, mar chuid den athchóiriú cuimsitheach ar bheartais ghníomhacha DYPA maidir leis an margadh saothair. forbairt cúrsaí digiteacha a chur i gcrích trealamh gaolmhar a cheannach do shaotharlanna scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna. cláir oiliúna earnála a chur i gcrích.

Uimhir sheichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			oiliúna earnála críoch							

Grúpa 12: An Aireacht Oideachais agus Gnóthaí Reiligiúnacha — Athchóirithe agus Infheistíochtaí

- **An Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint (VET) a uasghrádú: Soláthar trealaimh saotharlainne do Scoileanna Saotharlainne le haghaidh SAEK, EPAL, Iar-Dhara Bliain-Printíseachtaí agus Scoileanna Gairmoiliúna (ID: 16933)**
- **Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (ID: 16934)**
- **Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna agus Nuálaíocht (ID: 16289)**
- **Claochlú digiteach an Oideachais (ID: 16676)**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
147	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16289_Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna agus Nuálaíocht	Garsprioc	Cinntí Formheasa na nOllscoileanna Barr Feabhais Taighde agus na mBraislí Barr Feabhais Taighde	Cinntí formheasa á n-eisiúint ag an Aireacht Oideachais, Gnóthaí Reiligiúnacha agus Spóirt				R4	2023	Cin ag a Gn Spó rog tha uas sha sao réi chu fáil. Eis Air Rei hag cho agu faoi Fea

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
148	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Cuspóir sonrach	Suiteáil córas idirghníomhach a chur i gcrích		Líon na gcóras foghlama idirghníomhach a suiteáladh	0	36 000	R2	2024	360 idir shu ran meá
148a	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Garsprioc	Straitéis chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí oideachais	Straitéis chuimsitheach athchóirithe a fhoilsiú chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí oideachais				R2	2025	Stra ath cur dát fair tho

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
148b	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Garsprioc	Claochlú digiteach an oideachais	Tuarascáil ón Aireacht Oideachais lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail i gcrích				R4	2025	Na i gc 1. C oide dtin idir 2. C sho úsá 3. 2 idir shu ran meá 4. 5 sho mhu digi

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										5. B agu scoi 6. U do r do r spei 7. I i 13 8. C 120 350 9. S agu
149	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16933_Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (VET):	Cuspóir sonrach	Athnuachan a dhéanamh ar thabhairt chun críche ionad saotharlainne gairmoideachais		Líon na saotharlann i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna atá	0	376	R4	2025	Ath teic bho saot sha gair

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Soláthar trealaimh saotharlainne do Scoileanna Saotharlainne le haghaidh SAEK, EPAL, Iar-Dhara Bliain-Printíseachtaí agus Scoileanna Gairmoiliúna		agus gairmoiliúna		nuachóirithe agus athnuaite go hiomlán					gair crío —S (SA — I — I Prir Gai
150	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16289_Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna agus Nuálaíocht	Garsprioc	Tionscadail uile na Straitéise um Barr Feabhais in Ollscoileanna & beart nuálaíochta a chur i gcrích	Tuarascáil ón Údarás Heilléanach um Ardoideachas lena ndeimhnítear gur cuireadh i gcrích tionscadail uile na Straitéise Barr Feabhais in				R4	2025	Tio Bar bea a) 7 taig Tai hag san uas agu

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				Ollscoileanna & beart Nuálaíochta.						Gré gco gcr clac Nái Hei com agu holl
152	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16934_Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú	Garsprioc	Uasghrádú a dhéanamh ar chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna SAEK, Samhail EPAL a dhearadh agus a fhorbairt,	Tuarascáil ón Aireacht Oideachais lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail i gcrích				R4	2025	Na thal aidl Gai Gai 1. T agu dhe hag 10 S Ard

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tua spri
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Digitiú EOPPEP							**ath hag Thé** **2. C oiliu Líc (Sa a fh foir San** **3. D Nái Cái (EC a fh scr ard gha gha**

J. COMHPHÁIRT 3.3: ATHLÉIMNEACHT, INROCHTAINEACHT AGUS INBHUANAITHEACHT AN CHÚRAIM SLÁINTE A FHEABHSÚ

Díríonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige ar athléimneacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí idirghabhálacha éagsúla. Díríonn cuid de na bearta sin ar an mbonneagar, idir fhisiciúla agus dhigiteacha, agus ar fheabhsuithe oibríochtúla chun córas na n-ospidéal agus líonra na n-ionad sláinte a nuachóiriú agus a uasghrádú. Is é is aidhm do chinn eile tacú le rochtain, éifeachtúlacht agus athléimneacht na hearnála cúraim sláinte agus iad a fheabhsú. Go sonrach, áirítear orthu sin bearta chun an tsláinte phoiblí agus cosc a neartú, chun acmhainneacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú chun seirbhísí meabhairshláinte agus cúraim baile a sholáthar, chun tacú leis an aistriú i dtreo earnáil cúraim sláinte phríomhúil níos láidre agus chun caiteachas cógaisíochta a chuíchóiriú agus chun tacú le T & F cógaisíochta. Tá sé mar chuspóir ag an bplean maidir le córais agus seirbhísí cúraim sláinte a dhigitiú éifeachtúlacht a chur chun cinn, rochtain a fheabhsú agus trédhearcacht agus cáilíocht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí sa chóras a mhéadú. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Athchóirithe agus dlús a chur le hinfheistíochtaí san Earnáil Cúraim Sláinte — Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte (aitheantas birt: 16816)

Leis an athchóiriú ar an gcóras aisghlámtha, tabharfar isteach comhroinnt riosca i ríomh an aisghlámtha trí sprioc cheangailteach a leagan síos maidir le laghdú aisghlámtha sna blianta amach romhainn, laghdú íosta EUR 50000000 (2022), EUR 150000000 (2023), EUR 300000000 (2024) agus EUR 400000000 (2025) ar mhéideanna aisghlámtha faoi seach, ó leibhéil 2020, a bheidh le baint amach trí fhorfheidhmiú iomlán beart feabhsaithe éifeachtúlachta a glacadh roimhe seo agus bearta feabhsaithe éifeachtúlachta nua agus i gcomhréir go hiomlán le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. Ina theannta sin, foráiltear leis an mbeart do mhaoiniú trialach cliniciúla, T & F nó caiteachais infheistíochta eile ag cuideachtaí faoi dhliteanas, trí fhritháireamh páirteach a ndliteanas aisghlámtha le haghaidh na mblianta 2021 agus ina dhiaidh sin. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú: Athchóiriú ar an bPríomhchóras Cúraim Sláinte (aitheantas birt: 16755)

Is é is aidhm don athchóiriú ar an gcóras cúraim sláinte phríomhúil bonneagar agus trealamh leighis na n-ionad sláinte a uasghrádú agus an córas cúraim sláinte phríomhúil a atheagrú trí athoiliúint a chur ar bhaill foirne chun gníomhú mar chúram céadlíne. Leis an athchóiriú sin, foráiltear do 1) Uasghrádú agus athchóirithe

fuinneamhéifeachtúla a chur i gcrích agus trealamh leighis a cheannach do 156 ionad sláinte ar a laghad sa tír, 2) Treochlár a fhorbairt le haghaidh athchóiriú an Phríomhchúraim Sláinte, cur chun feidhme píolótach an tsásra atreorúcháin, oiliúint foirne arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainneacht lucht saothair TFC, ardán digiteach a fhorbairt chun úsáid sonraí a neartú le haghaidh cinnteoireacht eolasach in PHC, 3) infhaighteacht curaclaim ghníomhacha leighis teaghlaigh a leathnú (i gcás ina bhfuil cúrsaí tosaithe cheana féin), ionas go gcuirfidh 75 % ar a laghad de scoileanna leighis ar fáil iad agus go dtabharfaidh siad gné de leigheas teaghlaigh isteach i ngach curaclam leighis faoi R4 2022 agus 4) tacú le córas cúraim chomhtháite a fhorbairt trí chreat le haghaidh bainistiú galar ainsealach a bhunú. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Chosc na Sláinte Poiblí 'Spiros Doxiadis' (NPP 'SD') (aitheantas birt: 16783)

Is é is aidhm don athchóiriú cáilíocht saoil an daonra agus athléimneacht an chórais cúraim sláinte a uasghrádú trí chóras cuimsitheach coisc, cúraim sláinte phríomhúil agus thánaistigh a chruthú. Cumhdófar leis sin roinnt gnéithe ar bhonn píolótach mar a leanas: (1a) idirghabhálacha chun aclaíocht fhisiciúil agus ithe bia shláintiúil a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas: (a) creat reachtach maidir le hithe sláinte agus ceaintíní scoile, b) oiliúint chórasach trí úsáid a bhaint as oiliúint ó thaithí i gcuraclam scoile, c) gníomhartha pobail, d) Lárionad Eorpach um Murtall a bhunú, e) gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, f) uirlisí digiteacha, g) feachtas feasachta, (1b) idirghabhálacha litearthachta sláinte a dhíríonn ar na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le mí-úsáid alcóil, (1c) idirghabhálacha chun fadhbanna síceasóisialta i leanaí a chosc, (1d) idirghabhálacha maidir le cúram fiaclóireachta leanaí, (2a) scagthástáil

daonra le haghaidh ailse chíche, ailse cheirbheacs, ailse cholaireicteach, agus galar cardashoithíoch, (2b) idirghabhálacha don scagthástáil náisiúnta réamhbhreithe i gceantair iargúlta agus scagthástáil náisiúnta réamhbhreithe (3) nuachóiriú feidhmiúil agus oibríochtúil an chórais sláinte poiblí. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na andúile (aitheantas birt: 16820)

Is é is aidhm don athchóiriú sin rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte ar ardchaighdeán a áirithiú do phobail shonracha atá thíos le meabhairghalar agus andúil, chun a n-imeallú nó a n-institiúidiú a chosc. Is éard atá i gceist leis seirbhísí meabhairshláinte a leathnú trí aonaid mheabhairshláinte d'othair a bhfuil néaltrú agus galar Alzheimer orthu, agus d'othair a bhfuil uathachas orthu agus d'othair san aoisghrúpa leanaí, déagóirí agus daoine fásta óga, chomh maith le seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine aonair a bhfuil andúil acu. Beidh forbairt feidhmchlár gréasáin agus digitiú seirbhísí meabhairshláinte ag gabháil leis sin. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú: Athchóirithe Eagraíochta sa Chóras Sláinte (aitheantas birt: 16756)

Is é is aidhm don athchóiriú seo aisíocaíocht nósanna imeachta leighis ospidéil a chuíchóiriú trí 1) Institiúid an Ghrúpa Gréagaigh um Dhiagnóis (DRG) (KETEKNY) a neartú agus 2) creat a chruthú lena n-áiritheofar go mbunófar nósanna imeachta iontaofa ardcháilíochta agus tomhais feidhmíochta a bhaineann le cúram othar, riachtanais sláinte agus soláthar cúraim chun tacú le Gníomhaireacht na Gréige um Dhearbhú Cáilíochta i gCúram Sláinte (ODIPY) agus lena gníomhaíochtaí. Trí léarscáil sláinte náisiúnta a chruthú ina dtaifeadtar éileamh agus soláthar seirbhísí sa chóras sláinte agus lena mbunaítear creat le haghaidh measúnú cáilíochta, táthar ag súil go n-áiritheofar trédhearcacht agus éifeachtúlacht níos fearr sa chóras sláinte. Ina theannta sin, comhlánaítear an t-athchóiriú leis an laghdú ar an liosta feithimh le haghaidh obráidí roghnacha (trí 34000 obráid iarnóin a chur i gcrích (borradh a dhéantar tar éis uaireanta oscailte rialta an Chórais Náisiúnta Sláinte (NHS). Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Bonneagar Sláinte (aitheantóir birt: 16795)

Is éard atá san infheistíocht idirghabhálacha cuimsitheacha chun bonneagar lóistíochta na n-ospidéal ar fud na Gréige a nuachóiriú, lena n-áirítear athchóiriú fuinneamhéifeachtúil foirgneamh agus soláthar trealaimh leighis nua. Leis an infheistíocht, tabharfar de chumhacht d'fhoireann leighis agus altranais an Chórais Sláinte Náisiúnta na huirlisí is gá a chur ar fáil chun cáilíocht agus éifeachtacht na seirbhísí sláinte a sholáthraítear a fheabhsú. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Séadchomharthaí cultúrtha agus láithreáin seandálaíochta a chosaint ar an athrú aeráide (beart ID 16433)

Is éard atá san infheistíocht sin pleananna oiriúnaithe don athrú aeráide a fhorbairt le haghaidh láithreáin oidhreachta cultúrtha. Is é an cuspóir atá ann oidhreacht chultúrtha na Gréige a chosaint, feabhas a chur ar a hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú na láithreán oidhreachta cultúrtha le gníomhaíocht eacnamaíoch a chothú. Áireofar san infheistíocht measúnuithe spásúla agus ama ar na rioscaí aeráide agus sainaithint na leochaileachtaí a bhíonn os comhair láithreáin oidhreachta cultúrtha. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: An t-ardoideachas sna healaíona a uasghrádú (beart ID 16725)

Leis an infheistíocht, déantar institiúidí ardoideachais úrscothacha sa Ghréig a uasghrádú agus tá athbhreithniú agus nuashonrú ar churaclaim uile an ardoideachais ealaíne ag gabháil léi. Ina theannta sin, táthar ag súil go dtacóidh an infheistíocht le scoileanna oideachais ealaíne trína mbonneagar fisiciúil agus teicniúil a uasghrádú.

Is éard atá san infheistíocht:

1) **curaclaim a thabhairt cothrom le dáta i gcomhthéacs an chreata Eorpaigh um cháilíochtaí earnála,**
2) **Ollscoil na nEalaíon Taibhithe a bhunú, agus**
3) **Bonneagair fhisiceacha agus theicniúla na mórinstitiúidí oideachais úrscothacha a uasghrádú.**

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Bealaí Cultúrtha ag Láithreáin agus Séadchomharthaí Seandálaíochta Ambadhmacha (beart ID 16485)

Leis an infheistíocht sin, ceapfar cúig bhealach chultúrtha shuaithinseacha le hinsintí téamacha lena gcumhdófar gach tréimhse de stair na Gréige. Meastar go mbeidh na bealaí scaipthe go geografach ar fud na tíre. Is éard a bheidh san infheistíocht freisin caomhnú agus athchóiriú séadchomharthaí roghnaithe, uasghrádú seirbhísí agus bonneagair, forbairt feidhmchlár digiteach idirghníomhach, agus cuimsiú na n-ealaíon agus imeachtaí cultúrtha. Cruthóidh na séadchomharthaí agus na láithreáin a áirítear ar na bealaí sineirgí le cinn scríbe turasóireachta agus, ar an gcaoi sin, beidh siad ina spreagadh don fhás inbhuanaithe agus don chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Athchóiriú — Caomhnú — Séadchomharthaí na hAcrapoil a Fheabhsú (beart ID 16435)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht séadchomharthaí Acrapoil na hAithne a chosaint ar an athrú aeráide, agus áirítear leis obair athchóirithe don Chuidéanón agus do na Ballaí, codanna sonracha de shéadchomharthaí uile na hAcrapoil a chaomhnú, maiseanna carraige a chomhdhlúthú agus a chobhsú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht cuairteoirí. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Forbairt Turasóireachta (beart ID 16931)

Is é is aidhm don infheistíocht sin síneadh a chur le séasúr na turasóireachta sa Ghréig tar éis mhíonna an tsamhraidh agus cineálacha malartacha turasóireachta a chur chun cinn, rud a chuirfidh leis an athléimneacht eacnamaíoch, leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach. Tá dhá chuid san infheistíocht:

1) **Forbairt Ghlas: turasóireacht sléibhe a fhorbairt lena gcumhdaítear athchóiriú fuinneamhéifeachtúil ar bhonneagar poiblí agus príobháideach agus suiteáil acmhainní nua fuinnimh in-athnuaite, turasóireacht sláinte agus folláine, agrathurasóireacht agus gastranómachas.**

2) **Forbairt Ghorm: bonneagar na gcalafort turasóireachta a uasghrádú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana nó d'fhoirgnimh nua agus idirghabhálacha chun feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí a thairgtear i muiríní, ar inrochtaineacht ar thránna do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus chun forbairt na turasóireachta tumadóireachta agus na turasóireachta faoi uisce a chur chun cinn.**

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i)

gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach18; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha19; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola20 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla21; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Athsciliú agus Uas-sciliú sa Turasóireacht (beart ID 16921)

Cuimsítear leis an infheistíocht uas-sciliú agus athsciliú oibrithe séasúracha, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach chomh maith leis na hoibrithe in earnáil na turasóireachta ar cuireadh a gconradh saothair ar fionraí le linn na paindéime. Cumhdóidh na cláir athscilithe roinnt speisialtóireachtaí agus tabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais na hearnála amach anseo don ré iar-COVID-19. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht: Páirceanna Tionsclaíocha Nua (beart ID 16634)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht cúnamh airgeadais a sholáthar chun a) páirceanna tionsclaíocha nua den chéad ghlúin eile a bhunú, b) na páirceanna atá ann cheana a leathnú, d'fhonn a n-ullmhacht le haghaidh aistriú chuig bonneagar líonra 5G agus bandaleithid sár-ard agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, bainistiú cliste

---

[18] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[19] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[20] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[21] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

fuinnimh agus idirghabhálacha coigilte fuinnimh, agus bonneagar an gheilleagair chiorclaigh a mhéadú, agus c) limistéir ina bhfuil comhchruinniú tionsclaíoch ard a chlaochlú go páirceanna tionsclaíocha glasa agus digitithe. Áireofar sa bheart freisin athchóiriú ar an gcreat rialála do pháirceanna tionsclaíocha, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar éiginnteachtaí dlíthiúla, saincheisteanna rialachais a réiteach, agus dreasachtaí éifeachtacha a chur ar fáil chun comhchruinnithe tionsclaíocha neamhfhoirmiúla a réiteach. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Is éard a bheidh sa tacaíocht mhaoiniúcháin infheistíochtaí a) i mbonneagar chun na páirceanna giniúna nua a bhunú (lena n-áirítear an talamh a fháil) le critéir shonracha éifeachtúlachta fuinnimh chun foirgnimh nua a thógáil agus tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus taispeántais i bhfiontair mhóra agus bearta tacaíochta, b) bonneagar chun limistéir thionsclaíocha chliste a chlaochlú agus a chruthú go digiteach, c) fuinneamh in-athnuaite gréine, d) bainistiú uisce agus caomhnú acmhainní uisce (beidh meáninnéacs Sceite Bonneagair (ILI) & lt ag infheistíochtaí;= 1,5), e) córais bailithe agus cóireála fuíolluisce a chomhlíonann critéir éifeachtúlachta fuinnimh, f) leictrea-shoghluaisteacht (líonraí athbhreoslaithe a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha nó hidrigine nó pointí athbhreoslaithe le haghaidh bithmheatáin le haghaidh iompair), g) tionscadail chun láithreáin thionsclaíocha agus tailte éillithe a athshlánú. Comhlíonfaidh tógáil foirgnimh nua Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, treoracha náisiúnta). I gcás córais fuíolluisce ó cheann go ceann a thógáil, beidh glanúsáid nialasach fuinnimh ag an mbeart, agus i gcás athnuachan na gcóras fuíolluisce ó cheann go ceann, beidh laghdú 10 % ar a laghad ar mheánúsáid fuinnimh (trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh amháin agus ní mar gheall ar athruithe ábhartha nó athruithe ar an ualach). Beidh infheistíochtaí i leictrea-shoghluaisteacht i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 agus bainfidh siad le breosla malartach le haghaidh iompair.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach22; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha23; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta

---

22 Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

23 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

talún, loisceoirí dramhaíola24 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla25; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Infheistíocht: Luasghéarú na monaraíochta cliste (beart ID 16721)

Is éard atá san infheistíocht tacaíocht airgeadais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide san earnáil thionsclaíoch chun a dtrealamh monaraíochta agus a mbonneagar a uasghrádú le teicneolaíochtaí cliste úrscothacha a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol. Tacóidh an beart freisin le scéimeanna tionsclaíocha agus le braislí fiontar i slabhraí luacha tionsclaíocha tábhachtacha a chuireann iomaíochas thionscal na Gréige agus a aistriú chuig Tionscal 4.0 chun cinn. Is éard a bheidh sa tacaíocht mhaoiniúcháin infheistíochtaí maidir le digitiú línte táirgeachta, uathoibriú agus idirnascadh slabhraí soláthair, dearadh agus táirgeadh táirgí agus seirbhísí cliste, cur chun feidhme teicneolaíochtaí monaraíochta cliste i dtrealamh meicniúil, saotharlainne agus monaraíochta líonra 5G sár-ardluais, trealamh rialaithe cáilíochta, trealamh TFC & bogearraí, ceadúnais bogearraí, néalcheadúnais, seirbhísí cur chun feidhme don bhonneagar nua TF agus S/W, seirbhísí Slándála TF, dearadh táirgí, maoin intleachtúil, costais phaitinne agus deimhniúcháin. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach26; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na

---

[24] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[25] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[26] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

tagarmharcanna ábhartha27; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola28 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla29; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Infheistíocht: Claochlú eacnamaíoch ar an Earnáil Talmhaíochta (beart ID 16626)

Is éard atá san infheistíocht na cúig ghníomhaíocht seo a leanas chun forbairt earnáil na talmhaíochta sa Ghréig a neartú agus a chur chun cinn: (a) Nuálaíocht agus aistriú glas maidir le táirgí talmhaíochta a phróiseáil, b) nuachóiriú na hearnála príomhúla, c) forbairt na turasóireachta glaise, d) athstruchtúrú saothraithe agus e) feabhsú géiniteach ainmhithe. Le cuid thiomnaithe de na hinfheistíochtaí faoi a), c) agus d) soláthrófar tacaíocht maidir le huasghrádú fuinnimh ar aonaid táirgthe agus ar fhoirgnimh, trealamh meicniúil ag a bhfuil tomhaltas fuinnimh íseal chun nuachóiriú a dhéanamh ar na haonaid táirgthe atá ann cheana, tionscadail in aonaid bainistithe dramhaíola agus astaíochtaí ó bhainistiú truailleán gásach chun an comhshaol a chosaint, teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar inrianaitheacht, próisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúlacht acmhainní, agus anailís mhargaidh, comhar straitéiseach, agus slabhraí soláthair ardluacha a chruthú, arb é is príomhaidhm dóibh earnálacha an gheilleagair a idirnascadh (talmhaíocht — próiseas — turasóireacht). Tacóidh an infheistíocht sin freisin le modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, le foinsí nua fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, le bearta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus bearta maidir le cosc ar an athrú aeráide agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú, le cosaint na bithéagsúlachta, leis an oidhreacht nádúrtha agus le hacmhainní nádúrtha.

---

[27] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[28] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[29] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach30; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha31; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola32 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla33; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach na hEarnála Agraibhia (beart ID 16653)

Déanfaidh an infheistíocht glacadh teicneolaíochtaí nuálacha in earnáil talmhaíochta na Gréige, rialú ghóchumadh táirgí na Gréige a chur chun cinn, rochtain ar tháirgí bia na Gréige ar mhargaí eachtracha a éascú, chomh maith le heolas nua agraibhia a fhorbairt sa Ghréig agus leas a bhaint as dea-chleachtais. Is éard atá san infheistíocht idirghabhálacha (a) chun tacú le claochlú digiteach earnáil na talmhaíochta amhail bonneagar digiteach oscailte ar mhórscála a fhorbairt, le bonneagar néalríomhaireachta agus cumais phróiseála mhórscála sonraí satailíte agus aeir, agus (b) trádáil i dtáirgí talmhaíochta na Gréige, feirmeoireacht stoic agus iascach a chur chun cinn trí eisiúint deimhnithe onnmhairiúcháin a éascú, córas a fhorbairt chun sonraí trádála allmhairiúcháin agus laistigh den Chomhphobal a bhainistiú agus córas faisnéise gnó le haghaidh allmhairí agus trádáil agus tairseach amach a fhorbairt chun táirgí agraibhia agus talmhaíochta na Gréige a chur chun cinn. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

---

30 Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

31 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiamh 32 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh 33 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht: Tograí le haghaidh gníomhaíochtaí in Earnáil an Dobharshaothraithe (beart ID 16584)

Is éard atá san infheistíocht sin réitigh trealaimh nuálacha, taighde, aistriú fios gnó agus oiliúint acmhainní daonna d'fhonn táirgeadh dobharshaothraithe a nuachóiriú agus a éagsúlú. Cruthaíonn sé banc ábhair ghéinitigh freisin do speicis agus speicis tráchtála d'éisc fionnuisce atá i mbaol. Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le próisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus le héifeachtúlacht acmhainní as a dtiocfaidh méadú ar thrádáil agus ar chruthú post san earnáil. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Idirghabhálacha a uasghrádú le haghaidh calafoirt réigiúnacha (beart ID 16975)

Is éard atá san infheistíocht idirghabhálacha chun calafoirt réigiúnacha a uasghrádú arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch áitiúil, lena n-áirítear forbairt na turasóireachta. Déanfar na hidirghabhálacha i dtrí chalafort déag ar fud na tíre agus is éard a bheidh iontu feabhsuithe bonneagair amhail uasghrádú agus athchóiriú cé na calafoirt chun bordáil, tonnbhrisí, suiteáil céanna snámhacha a éascú, céanna a dheisiú mar gheall ar fhadhbanna dríodraithe, rampaí seirbhíse a thógáil, ballaí cé agus oibreacha cosanta cósta, athbhunú imchuach an chalafoirt tar éis tuilte fairsinge. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, tá an beart faoi réir Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) de bhun Threoir 2011/92/AE, chun a áirithiú go ndéanfar comhlíonadh an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' a chomhtháthú sa tionscadal agus a chomhlíonadh go docht ag céimeanna thógáil, oibriú agus dhíchoimisiúnú an bhonneagair. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: Máistirphlean chun flít loingseoireachta paisinéirí na Gréige a athnuachan (beart ID 16944)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht staidéar mionsonraithe, straitéis agus forbairt sásra maoiniúcháin a ullmhú chun flít long paisinéirí na tíre a athnuachan de réir a chéile. Saineofar sa staidéar riachtanais uasghrádaithe ábhartha na soithí agus ionchas na hinfheistíochta, riachtanais mhaoinithe na n-oibreoirí agus an t-ioncam féideartha a ghinfear tríd an bplean athnuachana, saineofar ann an athnuachan bonneagair ba cheart a dhéanamh sna calafoirt chun tacú le hoibriú na soithí nua agus forbrófar sásra maoiniúcháin chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'oibreoirí. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

Athchóiriú: Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród (beart ID 16982)

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an tionscadail:

1. **Treochlár a ghlacadh ina mbeidh na céimeanna chun cuideachtaí OSE agus ERGOSE a atheagrú go hiomlán.**

2. **Comhairleoir speisialaithe a earcú chun cabhrú leis an athchóiriú a chur chun feidhme**

3. **Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla agus na reachtaíochta tánaistí maidir le hathchóiriú an dá chuideachta, rud a chuirfidh ar a gcumas gréasán iarnróid nua-aimseartha a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil.**

4. **Cur chun feidhme an athchóirithe atá sainithe sa reachtaíocht phríomha agus thánaisteach.**

Féadfar an t-atheagrú a chur chun feidhme trí ERGOSE a chomhtháthú go hiomlán le OSE.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025. Is é is aidhm don athchóiriú earnáil iarnróid na Gréige a dhéanamh níos sábháilte, níos éifeachtúla, níos comhtháite, níos nua-aimseartha agus níos freagrúla d'éileamh na gcustaiméirí. Tacófar leis an athchóiriú le Creatchonradh iolrach maidir le hAthstruchtúrú Earnáil an Bhonneagair Iarnróid sa Ghréig.

Athchóiriú: Leasú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíocht straitéiseach a mhealladh (beart ID 16593)

Is é is cuspóir don athchóiriú an Ghréig a chur chun cinn mar cheann scríbe tarraingteach d'infheisteoirí féideartha. Leis an athchóiriú, déanfar athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíochtaí straitéiseacha a mhealladh agus aontófar in aon ghníomh dlí amháin forálacha dhá dhlí éagsúla 3894/2010 agus 4608/2019, rud a fhágfaidh go mbeidh an creat dlíthiúil maidir leis na hinfheistíochtaí straitéiseacha soiléir d'infheisteoirí ionchasacha. Cruthófar leis catagóir nua infheistíochtaí straitéiseacha le dreasachtaí breise, simpleofar agus comhdhlúthófar an nós imeachta ceadúnúcháin trí ionad ilfhreastail, agus áireofar réimsí nua gníomhaíochta eacnamaíche agus Tionscadail Thábhachtacha fhéideartha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) sa chreat rialála atá ann cheana (Dlí 3894/2010 agus Dlí 4608/2019).

Is iad na príomhchritéir chun infheistíocht a thréithriú mar Infheistíocht Mhórshuntasach nuálaíocht nó scaipeadh teicneolaíochta a chur chun cinn, an geilleagar glas a chur chun cinn agus/nó iomaíochas gheilleagar na Gréige a chur chun cinn go suntasach ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ní éileoidh saintréithriú tionscadal suim íosta de chostas infheistíochta ná líon íosta cuótaí bliantúla fostaíochta. Déanfaidh an Coiste Idir-aireachta d'Infheistíochtaí Straitéiseacha an cinneadh críochnaitheach maidir le tréithriú na hinfheistíochta mar Infheistíocht Théamatach na Mórshuntasaí agus na dreasachtaí sonracha a mbeidh an infheistíocht ina teideal. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Áireofar ar na hinfheistíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú tionscadail lena gcuirtear chun cinn nuálaíocht nó scaipeadh teicneolaíochta, úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, agus/nó lena gcuirtear iomaíochas gheilleagar na Gréige chun cinn go suntasach ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá sa chreat dlíthiúil chun infheistíochtaí straitéiseacha a mhealladh: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach34; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha35; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola36 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla37; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

---

34 Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

35 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

36 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

37 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

An Infheistíocht is Fearr 6: Mótarbhealach Lár na Gréige E-65: Stráice Trikala-Egnatia

hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprio
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16628_Mórbhealach na Gréige Láir E-65: Stráice Trikala-Egnatia	Garsprioc	Tús na n-oibreacha foirgníochta in E-65	Tuarascáil ó innealtóir neamhspleách arna daingniú ag Ministry Of Infrastructure				R2	2022	Tús na n-oibreacha tógála do mhórbh E-65 na Gréige Láir: Trikala-Egnatia
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16628_Mórbhealach	Garsprioc	E-65 saothar — cur i gcrích	oibreacha a chur i gcrích				R4	2025	An tionscadal a chur i gcrích lena n-á oibreacha teagmhasacha (amhail gac dola, soilsiú agus bearta sábháilteach bhfeidhm agus is gá chun an mótarbh dheimhniú agus a fheidhmiú).

hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprio
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	na Gréige Láir E-65: Stráice Trikala-Egnatia									

An Infheistíocht is Fearr 7: Uasghrádú Sábháilteachta ar Bhóithre

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
257	**17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a**	**Garsprioc**	**Dámhachtain conarthaí le haghaidh sábháilte**	**Fógra faoi dhámhachtain conarthaí do 2300 suíomh ar a laghad.**				**R2**	**2023**	**Conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh 2300 suíomh ar a laghad lena n-áirithítear a) feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre mar chuid den chlár 'Clár Feabhsaithe Sábháilteachta Bóthair (PEVOA)' ar thart ar 7000 suíomh contúirteach; mionfheabhsuithe don chuid eile de 2 500 km**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	nuachóiriú agus a fheabhsú — 16631_Uasghrádú Sábháilteachta Bóthair		acht ar bhóithre — an chéad bhaisc de chonarthaí							
258	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú —	Garsprioc	Dámhachtain conartha le haghaidh sábháilteacht ar bhóithre — gach conradh	Fógra maidir le dámhachtain 100 % de chonarthaí				R2	2024	Conarthaí arna ndámhachtain chun a) feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre in 7780 suíomh contúirteach ar a laghad; b) bonneagar soilsithe cliste le haghaidh 31938 cuaill

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	16631_Uasghrádú Sábháilteachta Bóthair									
259	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16631_Uasghrádú Sábháilteachta Bóthair	Garsprioc	Tionscadal um shábháilteacht ar bhóithre a chur i gcrích	oibreacha a chur i gcrích				R4	2025	An tionscadal a thabhairt chun críche agus a) feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre in 7780 suíomh contúirteach ar a laghad; 31938 cuaill soilsithe chliste faoi stiúir

An infheistíocht is fearr 8: Mórbhealach Thuaidh na Créiteáin

hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16630_Mórbhealach an Tuaiscirt sa Chréit (scríona.A.K.)	Garsprioc	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí le haghaidh trí fhothionscadal de chuid BOAK	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R2	2023	Fógra faoi dhámhachtain le haghaidh a) an Chomh Lamháltais; an Chomhph Phríobháideach Phoiblí; a Obair Phoiblí.
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16630_Mórbhealach an Tuaiscirt sa Chréit (scríona.A.K.)	Garsprioc	Cur i gcrích tionscadail BOAK	Oibreacha a chur i gcrích				R4	2025	Fothionscadal a trí: (Neap Agios Nikolaos) críochnai bhfeidhm. Fothionscadal (Hersonisos — Neapolis) seo a leanas a chríochnú: dearadh agus imscrúdú d Fhothionscadal, a) Céim A agus Céim B d'oibreacha tochailte agu

hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										tacaíochta sealadaí na dto agus T2 **b) droichead C6. .** **I gcás fhothionscadal a h (Chania-Heraklion), beid hoibreacha seo a leanas cu gcrích:** **1. Na hoibreacha uile sna atá ann cheana seachas na suiteálacha Leictrimheicn (amhail cuaillí soilsithe mórbhealaigh, comhartha fhrithchaiteach, cáblaí sol cumhachta) mar a leanas:** **dé-bhealach Chania (1Y,2 na n-alt: 8.0 km,** **(b) Bypass Rethymnon (1 fad na n-alt: 6.8 km agus**

hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										(C) Bypass Heraklion (23 coda: 8.5 km. **Ní áirítear tógáil thollán I sna hoibreacha in Aonad Geografach 23Y.** **2. Oibreacha tochailte agu tacaíochta sealadaí i bhfa 600 m i dTollán T1 (Roin — Vrisses, foroinn 4N, I/C Plataniou — I/C Oirthear** **3. Idirghabhálacha um Shábháilteacht ar Bhóith suíomh.**

Grúpa 24: Bonneagar

Foghrúpa 1 (claochlú digiteach)

- **Bonneagar Cliste a dhíríonn ar an gcomhshaol agus ar an gcultúr (ID: 16960)**
- **Droichid Chliste (ID: 16949)**
- **Simpliú Nósanna Imeachta na hAireachta Bonneagair agus Iompair (ID: 16786)**
- **Córas Bainistíochta Clár Comhtháite Digiteach chun Oibreacha Teicniúla agus Sócmhainní Struchtúracha na hAireachta Bonneagair agus Iompair a Riar (ID:16937)**

Foghrúpa 2 (iarnróid agus aerfoirt)

- **Athchóiriú Inrochtaineachta tar éis éifeachtaí tubaisteacha stoirme 'DANIEL' (beart ID 16999)**
- **Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród (ID: 16982)**
- **Claochlú Digiteach Eagraíocht na nIarnród Heilléanach (ID: 16959)**
- **Uasghrádú ar iarnród fo-uirbeach na hAtaice Thiar (ID: 16892)**
- **Clár Comhlíontachta EASA (ID: 16833)**

eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród	Garsprioc	Treochlár d'athchóiriú na n-iarnród	Treoirchlár				R3	2021	Foghrúpa a dó: Treochla ullmhú ina mbeidh na céimeanna chun cuideac OSE agus ERGOSE a atheagrú go hiomlán.
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród	Garsprioc	An dlí maidir le hathchóiriú na n-iarnród	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla agus na reachtaíochta tánaistí				R2	2022	Foghrúpa a dó: Athchóir eagraíochtúil in earnáil r iarnród; Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha a reachtaíochta tánaistí ch dá chuideachta a athchó rud a chuirfidh ar a gcu

r eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										gréasán iarnróid nua-aimseartha a fhorbairt, a oibriú agus a chothabhái
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16833_Oibreacha ceartúcháin comhlíontachta EASA a chur chun feidhme	Garsprioc	Fógra faoi dhámhachtain d'oibreacha Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) in aerfoirt réigiúnacha	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R2	2023	Foghrúpa a dó: Clár comhlíontachta Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta Aontais Eorpaigh (EASA Gach conradh le haghaid oibreacha ceartúcháin ag aerfort réigiúnacha chun Rialachán (AE) 2018/113 sínithe a chomhlíonadh.
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú	Garsprioc	Plean cur chun feidhme na nIarnród Heilléanach	Plean Cur Chun Feidhme foilsithe le haghaidh na nIarnród Heilléanach				R2	2024	Foilsiú Plean Cur Chun Feidhme don chuideacht aontaithe bonneagair iar (Iarnród Heilléanach)

r eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród									
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród	Garsprioc	Reachtaíocht d'Iarnród Heilléanach agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe don Bhainisteoir Teicniúil	Cóip den Reachtaíocht le haghaidh Iarnróid Heilléanacha agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le haghaidh an Bhainisteora Theicniúil trí chomhaontú díreach le Ballstát den Aontas nó le húdarás conarthach Ballstáit den Aontas Eorpach				R4	2024	Teacht i bhfeidhm leasu dhlí 4974/2022 agus reachtaíocht thánaisteac maidir le cuideachta bonneagair iarnróid aon nua ar neamhthuilleama bhfuil OSE ina chroílár ('Iarnród Heilléanach') i ionchorpraítear ERGOS Gabhfaidh an chuideach freagracht fhoriomlán u féin as saincheisteanna sábháilteachta bonneaga iarnróid agus comhoibre sí go hiomlán le gnóthais iarnróid chun bearta ria riosca a chur chun feidh

eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Ag an am céanna, tús a c leis an bpróiseas chun Bainisteoir Teicniúil a shannadh chun tacú le b oibríochtúil na cuideach nua, atá le baint amach t chomhaontú díreach a thabhairt i gcrích le Ball den Aontas nó le húdará conarthach de chuid Bal den Aontas.
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród	Garsprioc	Glacadh an chláir infheistíochta ilbhliantúil, síniú an chomhaontaithe chonarthaigh nua	Cóip de ghlacadh Bhord Stiúrthóirí an Iarnróid Heilléanaigh, Clár infheistíochta ilbhliantúil agus cóip de chomhaontú conarthach nua sínithe				R2	2025	Glacfaidh Bord Stiúrthó Iarnróid Heilléanaigh, a ilbhliantúil ina bhfuil infheistíochtaí straitéisea agus oibreacha cothabhá bhfuiltear ag súil leo; sín chomhaontaithe chonart de réir Threoir 34/2022 c Aontas, le garspriocanna KPInna sonracha, lena n

r eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										áirítear chun infheistíoch bpríomhchórais agus i bpríomhbhonneagair sábháilteachta a chur i g le haghaidh cothabháil r chun sástacht custaiméir chun cáilíocht earcaíoch agus rialachas corparáid na cuideachta a neartú.
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16982_Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród	Garsprioc	Athchóiriú Eagraíochtúil Iarnróid a thabhairt chun críche	Tuarascáil lena ndeimhnítear oibríochtú iomlán na nIarnród Heilléanach				R4	2025	Athchóiriú eagraíochtúil earnáil na n-iarnród a thabhairt chun críche. B an chuideachta nua chumaiscthe bonneagair iarnróid ag feidhmiú go hiomlán.

r eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16833_Oibreacha ceartúcháin comhlíontachta EASA a chur chun feidhme	Garsprioc	Oibreacha ceartúcháin comhlíontachta EASA a chur i gcrích	Cinntí ón Údarás Eitlíochta Sibhialta Heilléanach (HCAA) maidir le 169 nDoiciméad Glactha agus Gníomhaíochta Diallta (DAADanna) a tharraingt siar				R4	2025	Déanfar na hoibreacha ceartúcháin uile laistigh theorainneacha reatha 1 aerfort a chur i gcrích ag déanfar na Doiciméid Ghlactha agus Ghníomhaíochta Diallta (DAADanna) faoi seach tharraingt siar le cinntí Údarás Eitlíochta Sibhia Heilléanach (HCAA).
	17-4.6. Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú — 16892_Iarnród fo-uirbeach na hAtaice Thiar a uasghrádú	Garsprioc	An chuid d'iarnród na hAtaice Thiar a chríochnú ó Ano Liossia go dtí tús na coda in ELPE Elefsina agus ó dheireadh stráice ELPE Elefsina go	Oibreacha a chur i gcrích				R4	2025	Oibreacha bonneagair a forstruchtúir a thabhair críche, córais leictriúchá chomharthaíochta agus teileachumarsáide (seach Córas Faisnéise Paisinéi PIS), sa chuid d'iarnród uirbeach na hAtaice Thi Ano Liossia go dtí tús na in ELPE Elefsina agus ó

r eamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspri agus sprioc
Athchóiriú: Córas dreasachta le haghaidh táirgiúlachta agus eisbhéartú fiontar (méid na bhfiontar a mhéadú) (beart ID 16598)

Is é is aidhm don athchóiriú dul i ngleic leis na laigí a bhaineann le fiontair Ghréagacha a bheith beag den chuid is mó. Cruthóidh sé réimse dreasachtaí cánach, agus dreasachtaí eile, chun daoine féinfhostaithe agus micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh chun barainneachtaí scála a mhéadú trí chumaisc, comhshónna, éadálacha agus scéimeanna agus ardáin chomhair amhail comhfhiontair, braislí a chuirfidh táirgiúlacht níos airde agus onnmhairí méadaithe chun cinn freisin. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022.

.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 10: Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht a uasghrádú — Gnó a dhéanamh

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	18 4.7. Iomaíochas a fheabhsú agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16543_Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht a uasghrádú	Garsprioc	An beartas cáilíochta agus an creat rialála nua le haghaidh bonneagar cáilíochta a bhunú	Straitéis náisiúnta a ghlacadh maidir le bonneagar cáilíochta sa Ghréig), agus an rialachán cumasúcháin is gá a ghlacadh maidir le caighdeánú, méadreolaíocht, creidiúnú agus measúnú comhréireachta trí ghníomhartha reachtacha riachtanacha (soláthair tagairt				R2	2024	creat rialála, eagraíochtúil ag oibríochtúil nua-aimseartha a le haghaidh Bonneagar Cáilío Ghréig, i gcomhréir le Rialach 765/2008 maidir le creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta; agus (b) teac bhfeidhm reachtaíochta chun a dhéanamh ar an gcreat riala bhaineann le gníomhaíochtaí monaraíochta a shuiteáil in A d'fhonn deireadh a chur le sri arda atá neamhréireach le cus beartais.

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				don Iris Oifigiúil); agus leasuithe reachtacha ar dhlí 3325/2005 (Cuid B a bhaineann le gníomhaíochtaí monaraíochta a bhunú, a leathnú agus a nuachóiriú i Réigiún na hAtaice) a ghlacadh						Cumhdófar le raon feidhme (l aonad tionsclaíoch nua agus n na n-aonad atá ann cheana a Attica, chomh maith le hathlo síneadh suiteálacha atá ann cl Ataic.
	18 4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16591_An t-aistriú chun gnó a dhéanamh	Garsprioc	Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó — déanamh gnó a éascú	—I gcás gníomhaíochtaí a éilíonn reachtaíocht: Reachtaíocht a fhoilsiú san Iris Oifigiúil (tagairt na hIrise Oifigiúla) —Le haghaidh feidhmeanna, ardáin agus clárlanna idir-inoibritheachta: Oibríochtú córas				R2	2024	An t-athchóiriú a chur i gcríc castacht na nósanna imeachta agus an chostais a laghdú i gc limistéar: creidmheas a fháil, leictreachais a fháil, maoin a agus cead tógála a fháil Go sonrach, áireofar san athc fothionscadail agus na gníom seo a leanas: 1. Creidmheas a fháil

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				(arna fhianú le tuarascáil) —Seachadadh trealaimh le haghaidh trealaimh (arna fhianú le tuarascáil agus cruthúnas ar cheannach) —Feachtais a chur i gcrích agus treoirlínte a eisiúint (arna fhianú le treoirlínte/ciorclacha eisithe)					— Creat rialála nua-aimseart a bhunú maidir le hurrúis i só sochorraithe — Clár d'idirbhearta slána a 2. Cead Tógála a fháil — Idir-inoibritheacht oibríoc bhaint amach idir córas ríomhfhaoiseanna le haghaidh tógála le córais phoiblí eile — Feachtais for-rochtana a cl feidhme le páirtithe leasmhar earnáil phríobháideach — Oiliúint a chur ar bhaill fo oiliúint a chur orthu — Treoirlínte a cuireadh ar fa — Sceideal táillí ar fáil ar líne — Feidhmeanna iniúchta dhi don Roinn Dóiteáin

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										3. Leictreachas a Fháil **— Na ceanglais maidir le cur maidir le HEDNO a shimpliú agus an córas chun méadair c a dhearbhú do Bhardais a aon** **4. Maoin a chlárú** **— Ríomhardán a chruthú len ar chumas ceannaitheoirí na c uile maidir le maoin a aistriú chur i gcrích**
	18 4.7. Iomaíochas a fheabhsú agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16543_Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus	**Garsprioc**	**Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó — simpliú agus faireachas margaidh a cheadúnú**	**Reachtaíocht a fhoilsiú san Iris Oifigiúil (tagairt na hIrise Oifigiúla)**				**R4**	**2025**	**Teacht i bhfeidhm reachtaíoc athchóiriú a dhéanamh agus gá a dhéanamh chun tuilleadh chur ar an gcreat rialála maid ceadúnú agus faireachas éifea ghnólachtaí:** **—measúnú tionchair ex-post dhéanamh ar an athchóiriú ceadúnúcháin a rinneadh faoi**

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	sábháilteacht a uasghrádú									**agus moltaí beartais a chur ch feidhme,** **athbhreithniú agus simpliú a ar phróisis cheadúnúcháin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha shaineofar faoi dhlí 4442/16, t cheanglais agus deimhnithe a dheireadh a chur le céimeann neamhluacha an phróisis, trí a próiseála iarratais a laghdú, a rialú ex ante a theorannú do ghníomhaíochtaí ardriosca an gcomhréir le prionsabail Dhlí 4442/2016 agus 4512/2018,** **— códú riaracháin (*Διοικητικ κλδικοποίηση*) de dhlíthe 332 3982/2011, 4302/2014 agus 44** **— straitéis faireachais marga fhorbairt i gcomhréir le Riala 1020/2019, agus**

ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc ag
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										— an córas faireachais nua ar ghníomhaíochtaí eacnamaíoch chun feidhme go héifeachtach reachtaíocht 4512/18, trí ghní reachtacha ábhartha a ghlaca chóras a chur i bhfeidhm chu meastóireacht a dhéanamh ar chigireachta, **uirlisí TF a chur chun feidhm chur in úsáid chun próisis feic faireachais margaidh a éascú**

R.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht: Saoráid Iasachta (beart ID 16980)

Baineann an infheistíocht le húsáid tacaíochta iasachta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun soláthar dreasachtaí airgeadais don earnáil phríobháideach a éascú, agus chun infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn. Bainfidh an tSaoráid Iasachta úsáid as bealaí dáileacháin éagsúla, eadhon institiúidí airgeadais (trí cheannacháin bannaí corparáideacha nó iasachtaí sindeacáite, (EUR 15428 milliún), ardán cothromais (EUR 500 milliún), agus urrann an Bhallstáit de Chlár InvestEU (EUR 500 milliún).

Maidir le cainéal dáileacháin na n-institiúidí airgeadais, seolfar iasachtaí trí Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFI) agus trí bhainc thráchtála (CB). Clúdóidh na hiasachtaí a sholáthróidh an Stát 50 % ar a mhéad de na costais infheistíochta, agus beidh rannpháirtíocht na n-institiúidí airgeadais 30 % ar a laghad, agus rannpháirtíocht féichiúnaithe cothrom le 20 % ar a laghad.

Féadfar iasachtaí arna síneadh faoin tSaoráid Iasachta agus arna n-aisíoc laistigh de na 3 bliana tosaigh ó bhunú na Saoráide Iasachta a athúsáid le haghaidh eisíocaíochtaí iasachta nua ón tSaoráid Iasachta. Seachas sin, seolfar athshreabha uile na Saoráide Iasachta chuig an gcuntas leithscartha a úsáidfear go heisiach chun fiachas poiblí a sheirbhísiú agus, ar an gcaoi sin, chun tacú le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

Ní mhaoineoidh an tSaoráid Iasachta ach tionscadail cháilithe. Go sonrach, áiritheoidh IFI agus CB an méid seo a leanas maidir leis na hinfheistíochtaí cistithe:

- **i. beidh glanluach láithreach dearfach acu, lena n-áirithítear go bhfuil an cinneadh maidir le maoiniú bunaithe ar chritéir fhónta eacnamaíocha;**
- **ii. tá siad ailínithe leis na cúig cholún straitéiseacha a leagtar síos don tSaoráid Iasachta, eadhon an t-aistriú glas, an digitiú, an t-eisearbhú, barainneachtaí scála trí chumaisc agus éadálacha, nuálaíocht (T&F);**
- **iii. na rialacha maidir le Státchabhair a chomhlíonadh.**

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sna comhaontuithe i gcomhthéacs na Saoráide Iasachta:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh;

II. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach38; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí

[38] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a

an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha39; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola40 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla41; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

III. a cheangal go bhfíorófar comhlíontacht dhlíthiúil le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Ina theannta sin, déanfar foráil leis an tSaoráid Iasachta maidir le gealltanas do bhealach dáileacháin na n-institiúidí airgeadais chun 41.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíoróidh iniúchóirí neamhspleácha go gcomhlíontar DNSH agus an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 % roimh gach iarraidh ar eisíocaíocht.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

---

chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

39 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

40 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

41 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

R.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Saoráid Iasachta (16980)

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
320	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta	Garsprioc	Comhaontuithe oibríochtúla le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais	Comhaontú oibríochtúil le hInstitiúid Airgeadais Idirnáisiúnta amháin sínithe				R3	2021	Socrú oibríochtúil creata a ghlacadh a bheidh le húsáid le haghaidh gach comhaontaithe iasachta le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus na comhaontuithe oibríochtúla idir an Aireacht Airgeadais agus Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta amháin ar a laghad a shíniú. Leagfar amach an méid seo a leanas sa socrú oibríochtúil réime: a) Critéir rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchta, agus roinnt caillteanas mar seo a leanas: i. An creat rialachais: a. Beidh an chinnteoireacht bunaithe ar chritéir fhónta eacnamaíocha agus beidh sí

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ar neamhthuilleamaí ón rialtas. **b. Déanfaidh an IFI meastóireacht ar iarrataí ar mhaoiniú agus déanfaidh sé cinneadh bunaithe ar a gcritéir inmheánacha. Áiritheoidh IFI go mbeidh glanluachanna láithreacha dearfacha ag na hinfheistíochtaí cistithe, go mbeidh siad ailínithe leis na colúin straitéiseacha don tSaoráid Iasachta, agus go gcomhlíonfaidh siad na rialacha maidir le Státchabhair.** **c. Déanfaidh Coiste tiomnaithe de chuid an Bhoird Infheistíochta faireachán ar an gcur chun feidhme, gan a bheith rannpháirteach sa**

Sraith Ní hea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										phróiseas roghnúcháin. Tuairisceoidh IIÉ do Choiste an Bhoird Infheistíochta go tráthrialta. **ii. Méid na heisíocaíochta a tharlóidh i dtráinsí agus na módúlachtaí maidir le faireachán agus iniúchadh:** **a. Socrófar eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun faireachán a dhéanamh ar iasachtaí eisíoctha ar féidir leo a bheith ina dtagarmharcanna freisin chun tuilleadh tráinsí a scaoileadh go coinníollach.** **b. Foráiltear do thrí leibhéal seiceálacha incháilitheachta: (i) measúnú arna dhéanamh ag an institiúid airgeadais a sholáthraíonn an maoiniú;**

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										(II) measúnú ag iniúchóir deimhnithe neamhspleách roimh an maoiniú a sholáthar; agus (iii) measúnú ex-post arna dhéanamh ag iniúchóir deimhnithe neamhspleách. Déanfaidh iniúchóirí neamhspleácha measúnú ar incháilitheacht na n-infheistíochtaí de réir na gcritéar roghnúcháin agus de réir chomhlíonadh na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair. **iii. Caillteanais ar iasachtaí (bannaí nó sindeacáitithe): Beidh an Stát agus IIÉ rannpháirteach pari passu. Déanfar gach cinneadh maidir le hathstruchtúrú a leithdháileadh ar na hinstitiúidí airgeadais.**

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										iv. Eisiafar athmhaoiniú iasachtaí gan íoc. **b) Critéir roghnúcháin maidir le comhlíonadh na Treorach Teicniúla 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) maidir le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.** **C) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán RRF.**
321	**4.7. Feabhas a**	**Garsprioc**	**Seoladh glao ar**	**Seoladh an ghlao**				**R3**	**2021**	**Creatshocrú oibríochtúil a ghlacadh a bheidh le húsáid le haghaidh gach**

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta		bhaincthráchtála							comhaontaithe iasachta le bainc thráchtála agus glao a sheoladh chun bainc thráchtála a roghnú, lena n-áirítear: a) Critéir maidir le rialachas, roghnú, faireachán agus iniúchadh, agus comhroinnt caillteanais de réir na bprionsabal céanna leis na prionsabail le haghaidh iasachtaí a sheoltar trí IFI mar a thuairiscítear thuas (garsprioc uimh. 320). Ní sholáthrófar aon ráthaíocht stáit ar iasachtaí arna leathnú ag bainc thráchtála faoi chuimsiú na Saoráide Iasachta. b) Critéir roghnúcháin maidir le comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) maidir le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. C) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán RRF.
322	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn —	Garsprioc	Comhaontú le haghaidh ardán cothromais	Comhaontú sainordaithe sínithe				R1	2022	Síniú an chomhaontaithe sainordaithe idir an Aireacht Airgeadais agus an Banc Forbartha Heilléanach le haghaidh Infheistíochtaí, lena mbainisteofar Ciste Cistí Mezzanine agus Innovate Now Equifund. Áireofar sa chomhaontú sainordaithe na critéir roghnúcháin chun Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) de chuid cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht a chomhlíonadh, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	16980_RRP Saoráid Iasachta									**inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha.**
323	**4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta**	**Garsprioc**	**Comhaontú ranníocaíochta InvestEU**	**Comhaontú Ranníocaíochta sínithe**				**R1**	**2022**	**Síniú Chomhaontú Ranníocaíochta InvestEU idir an Aireacht Airgeadais agus an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear:** **a) na critéir roghnúcháin chun Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) de chuid cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht a chomhlíonadh, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha.** **b) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú**

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán RRF.
324	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta	Cuspóir sonrach	EUR 586.4 milliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		Céatadán na gcistí a síníodh	0	5	R4	2022	Síníodh EUR 586.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus leis an sprioc aeráide 38.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.
325	4.7. Feabhas a chur ar an	Cuspóir sonrach	EUR 3518.4 milliún de		Céatadán na	5	30	R4	2023	Síníodh EUR 3518.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta		chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		gcistí a síníodh					hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus leis an sprioc aeráide 38.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.
325a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur	Cuspóir sonrach	EUR 4518.4 milliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		Méid (EUR) na gcistí sínithe	3 518.4	4 518.4	R2	2024	Síníodh EUR 4518.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta									iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 38.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.
326	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta	Cuspóir sonrach	EUR 7064 mhilliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		Méid (EUR milliún)	4 518.4	7 064	R4	2024	Síníodh EUR 7064 mhilliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d’iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
326a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta	Cuspóir sonrach	EUR 9000 milliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		Méid (milliún EUR)	7 064	9 000	R2	2025	Síníodh EUR 9000 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.
327	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíoch	Cuspóir sonrach	EUR 11182 milliún de chistí institiúidí airgeadais		Méid (milliún EUR)	9 000	11 182	R4	2025	Síníodh EUR 11182 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear

Sraith Ní hea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	taí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta		a síníodh le tairbhithe deiridh							sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.
327a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn —	Cuspóir sonrach	EUR 13364 milliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh		Méid (milliún EUR)	11 182	13 364	R1	2026	Síníodh EUR 13364 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	16980_RRP Saoráid Iasachta									**Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.**
328	**4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta**	**Cuspóir sonrach**	**EUR 15428 milliún de chistí institiúidí airgeadais a síníodh le tairbhithe deiridh**		**Méid (milliún EUR)**	**13 364**	**15 428**	**R2**	**2026**	**Síníodh EUR 15428 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta RRF a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an ranníocaíocht leis an sprioc aeráide 41.5 % agus an sprioc dhigiteach 20.8 %.**

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Clochmhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
328a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta	Garsprioc	Saoráid Iasachta — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Airgeadais	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistreoidh an Ghréig EUR 15428 milliún chuig Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus chuig bainc thráchtála le haghaidh na Saoráide Iasachta.
329	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus	Cuspóir sonrach	Infheistíocht 100 % den tacaíocht chothromais		Céatadán (%)	0	100	R4	2025	Infheistíocht 100 % den tacaíocht chothromais, i gcomhréir leis an gcomhaontú sainordaithe a shainítear sa gharsprioc, lena n-áireofar na critéir roghnúcháin maidir le comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) ó

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RRP Saoráid Iasachta									chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha.
330	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16980_RR	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí InvestEU a fhormheas		Céatadán (%)	0	100	R4	2025	Formheasann Coiste Infheistíochta InvestEU oibríochtaí infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid foriomlán an mhaoinithe spriocdhírithe (nó na hinfheistíochta arna slógadh).

Sraith Níhea.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	P Saoráid Iasachta									

S. CÚNAMH TEICNIÚIL

Is éard atá sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige bearta chun acmhainneacht riaracháin Ghníomhaireacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a neartú, arb í an struchtúr nuabhunaithe í atá tiomnaithe go heisiach do phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige a chomhordú agus a chur chun feidhme. Is é is aidhm don bheart an cúnamh is gá a sholáthar do riarachán na Gréige chun cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a stiúradh go rathúil. Meastar, dá bhrí sin, go rannchuideoidh sé go hindíreach le cuspóirí RRP, mar a bhfuil na bearta a áirítear ar fud na gceithre cholún mar bhonn taca leo, agus go dtacóidh sé le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha don Ghréig i.e. infheistíocht phoiblí agus phríobháideach (Moladh Sonrach Tíre 2 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 2020), airgeadas poiblí agus cúram sláinte (Moladh Sonrach Tíre 1 2020), agus margadh an tsaothair agus beartas sóisialta (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

S.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Cúnamh Teicniúil (beart ID 16968)

Tá sé fhothionscadal san infheistíocht, eadhon: 1) córais agus uirlisí a fhorbairt chun obair a eagrú, 2) seirbhísí a cheannach ó iniúchóirí seachtracha chun iniúchtaí, cigireachtaí agus deimhnithe a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil saineolas sonrach ag teastáil agus creat modheolaíochta uileghabhálach a fhorbairt le haghaidh iniúchtaí, cigireachtaí agus deimhniúcháin chun tacú le feidhm formhaoirseachta Ghníomhaireacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i ndáil le bearta plean a chur chun feidhme, 3) gníomhaíochtaí múscailte faisnéise agus poiblíochta i ndáil le príomhinfheistíochtaí agus athchóirithe faoin bplean, 4) staidéir a dhéanamh agus saineolas seachtrach agus tacaíocht theicniúil a cheannach i dtionscadail speisialaithe, caiteachas a mhaoiniú le haghaidh oibriú laethúil na Gníomhaireachta (cíos oifige, trealamh oifige a fháil, billí fóntais a chlúdach), agus 6) ceannach seirbhísí rialaithe cáilíochta do thionscadail foirgníochta phoiblí chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí conartha foirgníochta, rialachán agus caighdeán teicniúil. Déanfar fothionscadal 3 a chur chun feidhme i gcomhthéacs dea-chleachtais rialachais a bhunú. Beidh gníomhaíochtaí ábhartha ina ngné lárnach agus bhuan den nós imeachta comhairliúcháin phoiblí, agus úsáidfear iad mar uirlis chun ceannach isteach na ngeallsealbhóirí a éascú agus chun cur chun feidhme inbhuanaithe athchóirithe agus infheistíochtaí sonracha faoin bplean a áirithiú. Beidh maoiniú fhothionscadal 5 de chineál sealadach, i.e., a mhéid is gá chun tacú le Gníomhaireacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sainordú a chur i gcrích go héifeachtach. Baineann an beart freisin le bunú na gcóras bainistíochta agus iniúchóireachta agus rialaithe. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

S.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Cúnamh teicniúil

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach ga
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
331	19-16968_Cúnamh Teicniúil	Garsprioc	Sainordú dlíthiúil EDEL agus na córais bhainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta a chur ar bun	Sainordú dlíthiúil EDEL i bhfeidhm agus na Córais Bhainistíochta, Rialaithe agus Iniúchóireachta arna mbunú				R3	2021	Teacht i bhfeidhm s EDEL agus bunú ar Iniúchóireachta agu n-áiritheofar bailiú faireachán ar bhain garspriocanna agus cead a thabhairt dea bainistíochta agus a iniúchóireachta cho íocaíochta a ullmhú nósanna imeachta is sonraí maidir le tair conraitheoirí, focho úinéirí tairbhiúla a stóráil i gcomhréir l Rialachán (AE) 202 ndéanfar an chéad i íocaíocht. Déanfar t

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach gar
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										iniúchóireachta ar l bun an chórais. Sa c sainaithnítear laige tuarascáil, molfar g ceartaitheacha sa tu iniúchóireachta.

ROINN 2: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOI CHAIBIDIL REPOWEREU

Is é is sprioc don chaibidil REPowerEU tacú le huaillmhianta na Gréige ó thaobh neamhspleáchas fuinnimh agus an aistrithe ghlais de, i gcomhthéacs na staide nua geopholaitiúla agus an mhargaidh fuinnimh. Is é is aidhm do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoi REPowerEU ceannasacht fuinnimh na Gréige a neartú agus dlús a chur le dícharbónú a geilleagair.

Tá gné thrasteorann ag baint leis na hinfheistíochtaí uile i gcaibidil REPowerEU, lena gcumhdaítear infheistíochtaí i stóráil fuinnimh, dícharbónú na tionsclaíochta agus éifeachtúlacht fuinnimh. Le caibidil REPowerEU, tugtar isteach bearta nua a rannchuidíonn leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, de réir na moltaí tírshonracha (CSR) a glacadh in 2023 agus 2023 (CSR 4 2023 agus CSR 4 2022).

Is é is aidhm do bhearta athchóirithe nua cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite a leathnú a thuilleadh tríd an gcreat dlíthiúil le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thabhairt chun críche, infheistíochtaí i stóráil fuinnimh, in eangach chliste a éascú agus creataí reachtacha nua a chur i bhfeidhm chun hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán a tháirgeadh. Is é is aidhm d'athchóiriú nua comhroinnt fuinnimh agus foirmeacha díláraithe táirgthe fuinnimh in-athnuaite (amhail féintomhaltas agus pobail fuinnimh) a chothú. Tacaíonn bearta infheistíochta nua leis an méadú ar acmhainneachta stórála agus táirgeadh díláraithe an fhuinnimh inathnuaite. Ina theannta sin, leithdháiltear tacaíocht bhreise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh teaghlach, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe do theaghlaigh fhuinneamhbhochta, agus don earnáil phríobháideach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart faoi chaibidil REPowerEU dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

T. COMHPHÁIRT 5.1: ReFORMS REPowerEU

T.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Tá sraith athchóirithe sa chaibidil chun dícharbónú, fuinneamh in-athnuaite agus gáis in-athnuaite a chothú, lena n-áirítear: (1) athchóiriú maidir le creat reachtach a thabhairt isteach chun táirgeadh, stóráil, iompar agus úsáid hidrigine in-athnuaite agus bithmheatáin a cheadú agus a éascú, (2) athchóiriú maidir leis an gcreat rialála agus oibriúcháin margaidh a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin chun dícharbónú tionscail a chothú sa Ghréig, (3) athchóiriú maidir le húsáid

talún agus spáis farraige a bharrfheabhsú chun fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt, chomh maith leis an gcreat reachtach maidir le suiteáil feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn tuilleadh, (4) athchóiriú chun acmhainneacht eangaí agus stórála a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar chobhsaíocht na heangaí agus ar scrogaill, (5) athchóiriú ar an gcreat rialála le haghaidh eangacha cliste chun dlús a chur le cur chun feidhme teicneolaíochtaí cliste agus digiteacha sa ghréasán dáileacháin, agus freagairt don éileamh a chothú don tomhaltóir deiridh, (6) athchóiriú arb é is aidhm dó comhroinnt fuinnimh a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a spreagadh trí ghiniúint agus comhroinnt dhíláraithe a cheadú i measc iliomad córas fuinnimh in-athnuaite ar mhionscála, agus (7) athchóiriú lena dtugtar isteach treochlár le haghaidh idirghabhálacha nuálacha éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais nua nach bhfuil bunaithe ar dheontais a shainaithint agus a sheoladh.

Athchóiriú: Creat ceadúnúcháin le haghaidh hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán inbhuanaithe (aitheantas birt: 16987)

Is é is cuspóir don athchóiriú an reachtaíocht is gá a chur i bhfeidhm chun hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán inbhuanaithe a chur in úsáid go héifeachtach sa Ghréig trí bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint agus trí phróisis a bhunú chun earnáil agus margaí na ngás in-athnuaite a fhorbairt. Déanfar foráil san athchóiriú maidir le creat reachtach a ghlacadh arb é is aidhm dó táirgeadh agus tomhaltas hidrigine in-athnuaite agus bithmheatáin inbhuanaithe a chur chun cinn. Cumhdófar leis sin sonraíocht na nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceadaithe, lena n-áirítear forálacha maidir le pleanáil spásúil, sainiú na sonraíochtaí teicniúla maidir le tarchur, stóráil agus instealladh isteach san eangach, soiléiriú ar róil na bpáirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear na húdaráis phoiblí lena mbaineann, agus sásra á áirithiú ag an am céanna chun a dheimhniú go mbeadh an hidrigin a tháirgtear in-athnuaite agus go mbeadh an bithmheatán inbhuanaithe, i gcomhréir leis na forálacha is déanaí ó Ghníomhartha Tarmligthe RED II.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Athchóiriú: Creat oibriúcháin rialála agus margaidh le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin chun dícharbónú tionscail a chothú (beart ID: 16988)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an creat dlíthiúil, ceadúnaithe agus rialála a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin. Áireofar sa chreat forbairt agus glacadh an chreata reachtaigh agus rialála uile is gá le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin agus déanfar próiseas comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha a chomhtháthú ann. Go sonrach, leagfar amach na próisis seo a leanas:

- **An creat ceadúnúcháin a fhorbairt chun teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin a shuiteáil agus a oibriú, lena n-áirítear formheas an cheada comhshaoil a eisiúint.**
- **Próiseas ábhartha caighdeánaithe agus deimhniúcháin a bhunú le haghaidh na n-astaíochtaí CO_2 a ghabhtar agus a stóráiltear.**
- **An creat rialála a fhorbairt le haghaidh shlabhra luacha CCS le haghaidh muirir stórála agus iompair. Áireofar sa chreat forálacha cumasúcháin le haghaidh Conarthaí Difríochta, chomh maith le tarrfanna rialáilte. An creat a bhunú chun CO2 gafa a úsáid/a úsáid**
- **Glacadh an chreata rochtana tríú páirtí sa bhonneagar eangaí/iompair agus sa tsaoráid stórála.**

- **Freagrachtaí ar leith a cheapadh do na páirtithe leasmhara éagsúla chun na teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin a oibriú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an margadh faoi seach.**

Comhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Athchóiriú: Úsáid talún agus spáis farraige a bharrfheabhsú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh agus forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt (aitheantas birt: 16989)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar fhorbairt bhreise foinsí in-athnuaite fuinnimh (dá ngairtear 'RES' anseo feasta) sa Ghréig. Beidh dhá cholún san athchóiriú:

- **Colún 1: An creat dlíthiúil le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a neartú (mar a leagtar amach i nDlí 4964/2022 maidir le 'Forálacha maidir le ceadúnú comhshaoil a shimpliú, lena mbunaítear creat chun Feirmeacha Gaoithe Amach ón gCósta a fhorbairt, ag déileáil leis an ngéarchéim fuinnimh, le cosaint an chomhshaoil agus le forálacha eile', IO A 150/30.7.2022) trí na chéad limistéir forbartha tionscadail a ainmniú le haghaidh tionscadail gaoithe amach ón gcósta; agus**

- **Colún 2: Athbhreithniú a dhéanamh (i bhfoirm staidéir) ar scaipeadh spásúil fhorbairt tionscadal RES atá ann faoi láthair agus úsáid talún a bharrfheabhsú le haghaidh acmhainneacht nua RES sa Ghréig. Sainaithneofar sa staidéar na limistéir is fearr ina bhféadfadh tionscadail RES a bheith lonnaithe sa Ghréig, chomh maith le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a bhaineann leis na réimsí sin. Ina theannta sin, tiocfaidh creat beartais iomlánaíoch i bhfeidhm maidir le dé-úsáid talún le haghaidh talmhaíochta agus táirgeadh fótavoltach gréine chun suiteáil Agrafhótavoltacha a chothú.**

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

Athchóiriú: Acmhainneacht eangaí agus stórála — infheistíochtaí stórála a chothú (aitheantas birt: 16990)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo infheistíochtaí i réitigh stórála fuinnimh a chur chun cinn, mar aonaid neamhspleácha agus mar stóráil in éineacht le foinsí fuinnimh in-athnuaite araon. Is é is aidhm don chlár an creat a bhunú a thacóidh ar deireadh le 900 MW ar a laghad de thionscadail stórála ceallraí neamhspleácha trí mheascán de chabhair infheistíochta. Bainfidh an t-athchóiriú a chuspóirí amach tríd an méid seo a leanas:

- **Creat reachtach agus rialála a ghlacadh lena n-éascófar suiteáil aonad stórála i ngléasraí cumhachta foinsí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana nó i ngléasraí cumhachta nua fuinnimh in-athnuaite. Leis sin, feabhsófar agus forlíonfar an**

creat dlíthiúil agus rialála chun gur féidir stóráil a chomhtháthú le gléasraí cumhachta in-athnuaite agus chun tionscadail nua a spreagadh trí thosaíocht a thabhairt dóibh i nósanna imeachta ceadúnúcháin agus i rochtain ar an eangach; agus

